# PLEAN DLÍ AGUS CIRT 2021

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice



# Réamhrá ón Aire

Is í cosaint ár muintire agus ár Stáit an chéad fhreagracht atá orainn sa chóras ceartais.

Is amhlaidh, áfach, go bhfuil ár gcuid beartas agus dualgas sa Roinn Dlí agus Cirt le sonrú ar bhonn i bhfad níos leithne agus go dtéann siad i bhfeidhm ar shaol mhuintir na hÉireann agus ar shochaí na hÉireann.

Anuas ar a chinntiú go mbíonn ár muintir slán sábháilte, tá sé de dhualgas orainn conair chothromasach inrochtana a sholáthar chun an cheartais; tacú le híospartaigh agus le pobail; agus caitheamh ar bhealach measúil leis na daoine sin a iarrann dídean inár dtír nó ar mian leo cur fúthu inti.

Tá sé de dhualgas orainn freisin tacú leis na daoine sin a bhíonn ag brath orainn gach lá ina saol gnó, teaghlaigh agus pobail agus leis na daoine sin a dteastaíonn uathu go ndéileálaimid leo ar bhealach comhbhách tuisceanach in amanna géarchéime agus deacrachta.

Teastaíonn uaim córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil.

Déanann ár bPlean Dlí agus Cirt, agus na gníomhartha a chuirfimid i bhfeidhm i mbliana chun tús a chur lenár glár athchóirithe, cúrsa a leagan amach le go mbainfimid amach an aidhm sin. Ag obair dúinn ar fud na hearnála chun aiseolas a fháil agus chun a chinntiú go dtabharfaimid ar a chéile ár spriocanna a chomhlíonadh, déanfaimid bPlean Dlí agus Cirt a nuashonrú gach bliain trí ghníomhartha agus amlínte nua a chur leo.

Leagtar amach sa bPlean seo ár n-uaillmhian le haghaidh earnáil ceartais lena ndéanfar clár oibre um Thús Áite do Sheirbhísí Digiteacha a nuáil agus a ghlacadh, rud a fhágfaidh go mbeidh ár seirbhsí féin agus seirbhísí na hearnála ceartais uile sorochtana agus a chinnteoidh go bhfreastalóidh siad ar na daoine a bhfuil siad ag teastáil uathu iad. Is earnáil í sin a chuirfidh beartais ghníomhaithe ar son na haeráide aeráide chun feidhme chun rannchuidiú le hiarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun a bheith ina heiseamláir freisin.

Toradh amháin atá ar Covid-19 is ea go bhfacamar na daoine breátha a oibríonn inár Roinn agus ar fud ár n-earnála agus iad i mbarr a maitheasa. Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann freagairt ghairmiúil maidir lenár bpríosúin a choinneáil sábháilte le linn na paindéime agus chuir an tSeirbhís Chúirteanna a cuid cleachtas in oiriúint go tapa nuálach chun seirbhísí dlí a choinneáil ar bun.

Trína chaidreamh lenár bpobail a threisiú, tá i bhfad níos mó ná seirbhís póilíneachta a sholáthar le linn na paindéime déanta ag an nGarda Síochána. Thar thréimhse feidhme ár bPlean, is féidir linn a bheith ag súil go muiníneach leis go gcuirfidh an Garda Síochána a bhunathrú ina sheirbhís póilíneachta den chéad scoth i gcrích, agus é ag obair ar son shábháilteacht ár bpobal.

Trí reachtaíocht níos láidre agus acmhainní breise láidre a thabhairt isteach, tacófar leis an nGarda Síochána agus iad ag dul i ngleic le dronga coireachta eagraithe atá ag baint tairbhe as an ainnis. Ní ghéillfidh an córas ceartais agus é ag dul i ngleic go diongbháilte leis na dronga agus ní ligfidh sé dóibh greim a fháil ar ár ndaoine óga ach oiread.

Ní hé amháin go bhfuil sochaí na hÉireann á bunathrú le blianta anuas trí shraith athruithe sóisialta ach tá sí á bunathrú freisin trí na drochghnéithe dár stair ghairid, agus an dochar a rinneadh do roinnt mhaith de mhuintir ár dtíre dá ndeasca, a admháil.

Creidim go daingean go bhféachfaidh na glúnta atá le teacht siar ar sciúirse an fhoréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe agus go gceisteoidh siad cén fáth ar cuireadh suas leis mar chineál chineál is lú coire nó mí-úsáide coireachta nó mí-úsáide ar feadh tréimhse chomh fada sin. Tá an ré sin thart.

Mar thoradh ar ár n-athchóirithe, gheobhaidh íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí, baile agus inscnebhunaithe tacaíocht ón gcóras ceartais choiriúil agus cuirfear pionós ar a mí-úsáideoirí. Cosúil le híospartaigh uile na coireachta, beidh a fhios acu go bhfuil ár gcóras ann chun freastal orthu nuair atá siad fíorleochaileach.

Chun córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil, ní mór dúinn inrochtaineacht ár gcuid cúirteanna agus seirbhísí dlí a mhéadú, freisin.

Is é atá i gceist leis sin an córas a dhéanamh níos tuisceanaí faoi riachtanais na dteaghlach atá ag déileáil le deacrachtaí móra agus le híogaireacht, rud a bhainfimid amach trí Chúirt Teaghlaigh nua agus trí nósanna imeachta athchóirithe cúirte.

Rud eile atá i gceist leis an rochtain ar an gceartas a fheabhsú is ea costais árachais agus dlí a bhrú síos chun cabhrú le gnóthais, le tomhaltóirí agus le pobail. Tá costais dlí in Éirinn toirmeascach. Ciallaíonn sé sin táillí dlí agus an costas atá ar árachas a laghdú.


Bhí ár n-earnálacha cultúir agus fáilteachais ar na hearnálacha ba mhó a d'fhulaing de dheasca. Tá an-chuid dár bhforais chultúir agus dár n-ionaid chultúir dúnta le bliain anuas. Saibhreoidh na hearnálacha sin ár saol an athuair roimh i bhfad agus cabhróimid leo téarnamh.

Thar thréimhse ár bPlean, nuachóireoimid ár ndlíthe ceadúnúcháin chun tacú le forbairt an gheilleagair oíche chun go mbeidh ár gcuid cathracha i measc phríomhchathracha cultúir an domhain.

Téann an córas ceartais i bhfeidhm ar a lán gnéithe dár saol.

Trínár bPlean Dlí agus Cirt, creidim gur féidir linn leas a bhaint as ár bPleananna Dlí agus Cirt bliantúla chun athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme ar mhaithe le córas ceartais a thógáil a rannchuidíonn leis an tsochaí a fheabhsú.


Ar mhaithe le córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil.



**Eiléana Nic an tSaoi TD**
**An tAire Dlí agus Cirt**








# Brollach ón Aire Stáit

Fáiltím roimh an bPlean Gníomhaíochta seo agus roimh an Ráiteas Straitéise a ghabhann leis agus táim ag súil le hobair i gcomhar leis, an Roinn chun tógáil ar le roinnt den tsárobair atáthar ag cur i gcrích le blianta beaga anuas a chur ar aghaidh chun cabhrú linn Éire atá sábháilte, cóir agus chuimsitheach a bhaint amach.

Faoi mar atá in earnálacha eile, bhí ar an earnáil Ceartais dul i dtaithí ar chúrsaí atá ag athrú agus tá ríméad orm a fheiceáil cé chomh maith agus a thug foireann na Roinne agus a gníomhaireachtaí faoin dúshlán. Tá an straitéis seo ina conair le haghaidh tuilleadh feabhsuithe agus nuálaíochtaí a bhaint amach sa dóigh a n-oibrímid agus sna seirbhísí a sholáthraítear don phobal.

Tá gealltanais a tugadh i gClár an Rialtais leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo, agus tá spriocanna amlínte atá sainithe go soiléir ag gabháil leo. Is gealltanais uaillmhianacha iad an-chuid díobh, ach táim lánchinnte go n-oibreoimid le chéile chun iad a chomhlíonadh. Táim ag súil go háirithe le dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar an gcearrbhachas a rialáil agus le bheith ag obair ar son ár bpobal uirbeach agus tuaithe ar mhaithe le hidirghabhálacha ceartais óige a sholáthar agus iompraíocht fhrithshóisialta a chomhrac.



**Séamus de Brúin T.D.**
**An tAire Stáit le Freagracht as Athchóiriú an Dlí**



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Léiríonn na cúig sprioc ardleibhéil atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise, 2021-2023, an leithead, an chastacht agus an tábhacht a bhaineann leis an misean atá ag an Roinn oibriú chun Éire shábháilte, chóir agus uilechuimsitheach a bhaint amach.


Is é Plean Dlí agus Cirt 2021 ár bplean gníomhaíochta mionsonraithe chun na spriocanna sin a chomhlíonadh. Shocraíomar clár oibre uaillmhianach dúinn féin, agus an obair thosaíochta leanúnach ar Covid-19 á déanamh againn ag an am céanna.

Gné an-tábhachtach chun tacú lenár gcuid oibre, go háirithe inár bpríomhréimsí soláthair seirbhíse, is ea tús a chur le clár infheistíochta suntasaí inár gcórais bhainistíochta agus teicneolaíochta na faisnéise, lena gcuirfear lenár gcumas seirbhísí poiblí a sholáthar ar líne. Is bunriachtanas é sin go háirithe toisc go bhfuilimid chomh spleách sin ar chórais atá as dáta agus ar thaifid pháipéarbhunaithe. Is léir nach n-éascaíonn na nithe sin na modhanna oibre cumaisc a bheidh ag teastáil de réir mar a thagaimid amach as Covid-19.

Beidh na forbairtí sin mar bhonn agus taca ag ár gcultúr eagraíochta freisin agus cumasóidh siad dúinn sonraí agus taighde a bhailiú agus a scrúdú agus agus teacht i dtír orthu ar bhealach trédhearcach, agus tacaíocht á tabhairt do chomhpháirtíochtaí seachtracha chun roghanna beartais a iniúchadh agus chun torthaí a mheas. A bhuí le straitéis nua acmhainní daonna, neartófar ár gcultúr tuilleadh trí thacú le scileanna ár mball foirne tiomnaithe agus iad a fhorbairt agus trí phleanáil don todhchaí, agus daoine cumasacha á gcothú ag gach leibhéal.

Leagtar amach sa straitéis freisin na gníomhartha eagraíochta agus na gníomhartha aonair atá le déanamh againn go léir chun rannchuidiú lenár gclár oibre aeráide. Tacóimid leis na nithe uile sin trí dhul i mbun fíor-chomhoibriú fiúntach leis na daoine a bhfuil an éifeacht is mó ag ár gcuid oibre orthu. Is amhlaidh gur fíre anois ná riamh go ngnóthaímid léargas luachmhar agus go mbainfimid amach torthaí a mbeidh bonn eolais níos mó fúthu, agus a bheidh níos inbhuanaithe, mar thoradh ar an gcur chuige sin i leith réiteach fadhbanna.

Ós rud é go dtagann an plean seo as an Ráiteas Straitéise, beidh an plean féin ansin ina bhonn eolais dár próisis i dtaca le pleanáil gnó agus le bainistíocht feidhmíochta aonair. Déanfaidh an Bord Bainistíochta agus na hAirí faireachán agus athbhreithniú ar dhul chun cinnmaidir le seachadadh i rith na bliana, agus foilseoimid nuashonrú ar chur chun feidhme ar a mbeidh bainte amach againn i lár na bliana agus ag deireadh na bliana 2021.



**Oonagh McPhillips**
**An tArd-Rúnaí**





# Réamhrá

**Is é Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach an ráiteas straitéise don Roinn Dlí agus Cirt do na blianta 2021-2023. Laistigh den straitéis sin, leagamar cúig sprioc uileghabhálacha amach don Roinn thar an tréimhse trí bliana sin:**

1. **Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a a choiméad agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais**
2. **Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú**
3. **Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac**
4. **Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach**
5. **Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais**

Gheallamar freisin go bhfoilseofaí plean gníomhaíochta bliantúil ina leagfar amach go mion na cuspóirí agus na gníomhartha a dtabharfar tús áite dóibh i ngach bliain ar leith. Is é Plean Dlí agus Cirt 2021 an chéad phlean gníomhaíochta bliantúil sa tsraith sin.

Tá an plean gníomhaíochta seo leagtha amach ina chúig chaibidil, agus iad bunaithe ar na cúig sprioc atá leagtha amach thuas. I ngach caibidil, pléimid ar dtús na gealltanais atá leagtha amach inár ráiteas straitéise le haghaidh na sprice ábhartha agus, ina dhiaidh sin, tugaimid tábla mionsonraithe cuspóirí agus gníomhartha atá le cur i gcrích sa bhliain 2021.

**Sprioc 1**

Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choiméad agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais

LCH 07

**Sprioc 2**

Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú

LCH 17

**Sprioc 3**

Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac

LCH 27

**Sprioc 4**

Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach

LCH 39

**Sprioc 5**

Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

LCH 47



# **Sprioc 1** Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choimeád agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais



# **Sprioc 1:** Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choimeád agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais

Is é an aidhm atá againn Éire níos sábháilte a thógáil tríd an gcoireacht a laghdú agus a chosc, trí obair go leanúnach chun slándáil náisiúnta a choimeád agus tríd an nGarda Síochána a bhunathrú chun feabhais agus a neartú.

Tá an Roinn freagrach as treo straitéiseach an chórais cheartais choiriúil a stiúradh, agus é mar chuspóir aici an pobal a chosaint, seasamh le cearta an duine agus le cothroime nós imeachta, agus sábháilteacht, muinín agus iontaoibh an phobail a choinneáil.

Tá an-mheas ag muintir na hÉireann ar an nGarda Síochána, agus an meas sin tuillte aige. Ag gníomhú dó faoina shamhail um póilíneacht a dhéanamh le toiliú, d'éirigh leis an nGarda Síochána cur arís eile leis an seasamh atá aige le linn phaindéim Covid-19 trí leas a bhaint as a chroíluachanna agus as an gceangal atá aige leis an bpobal. Le linn thréimhse na straitéise seo, críochnóidh an Garda Síochána a mhór-bhunathrú chun feabhais agus tiocfaidh sé chun bheith ina eiseamláir de shármhaitheas póilíneachta.

Tacófar leis an nGarda Síochána an sprioc uaillmhianach sin a bhaint amach trí chumhachtaí, acmhainní agus teicneolaíocht éifeachtach a fhorbairt mar is gá agus trí chóras éifeachtach láidir rialachais agus formhaoirseachta a chur i bhfeidhm. Bunchloch an athchóirithe sin a bheidh sa Bhille nua um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail.

Mar thoradh ar struchtúir, córais agus cultúr nua agus mar thoradh ar an tacaíocht mhéadaithe a thabharfar don éagsúlacht laistigh den tseirbhís chun Éire an lae inniu a léiriú ar bhealach níos fearr, tabharfar an Garda Síochána níos gaire fós do na pobail tuaithe agus uirbeacha ar a bhfreastalaíonn sé. Ag an am céanna, cabhróidh an infheistíocht i bhforbairt ghairmiúil agus i gceannaireacht le sármhaitheas agus nuálaíocht a bhrú chun cinn agus a choinneáil ar bun.

Athchóireoimid ár ndlíthe chun déileáil go héifeachtach leis na daoine a dhéanann iarracht fuath, eagla agus ciapadh d'aon chineál a scaipeadh ar líne nó as líne.

De dheasca bagairtí a bhíonn ag teacht chun cinn agus a bhíonn ag athrú go leanúnach, is gá dúinn obair i gcomhar le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go gcosnaítear ár slándáil náisiúnta agus go dtéitear i ngleic leis an sceimhlitheoireacht cibé áit a dtagann sí chun cinn: sa tír seo nó thar lear.

Téann an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe níos faide ná ár dteorainneacha féin, agus oibríonn an Garda Síochána go dlúth lena chomhghleacaithe idirnáisiúnta chun líonraí coirpeach tromchúiseach a bhriseadh agus chun cosc a chur orthu saol ár bpobal a mhilleadh.

Baineann an-tábhacht le comhar idirnáisiúnta freisin maidir le cur arís eile leis an gcumas atá againn dul i ngleic leis an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht chun críocha na cibearchoireachta.

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2021-2023 uainn, díreoimid thar a tréimhse feidhme trí bliana ar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas chun an sprioc sin a chomhlíonadh:

1. Seirbhís cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt trí Sheirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí a chur chun feidhme
2. Clár cuimsitheach a sholáthar chun feabhas a chur ar oibriú an chórais cheartais choiriúil
3. An chibearchoireacht a chomhrac, tacú le sábháilteacht ar líne agus ullmhú do na dúshláin a ghabhann le hIntleacht Shaorga trí bheartais agus reachtaíocht níos láidre a chur i bhfeidhm
4. Treisiú leis na bearta atá ar bun chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe eile trí ghníomhaíocht náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta
5. An dlí coiriúil agus an nós imeachta coiriúil a athbhreithniú, a athchóiriú agus a nuachóiriú chun oibriú éifeachtach éifeachtúil an chórais cheartais choiriúil a fheabhsú agus a fhothú
6. Rialachas láidir a chinntiú i ngach comhlacht ar fud na hearnála ceartais choiriúil agus dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí sin

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, shainaithníomar 65 ghníomh atá le cur i gcrích sa bhliain 2021 agus atá leagtha amach go mion thíos.

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| | **Seirbhís cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt trí Sheirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí a chur chun feidhme** | | |
| 1 | Tacú le comhaltaí agus baill foirne an Gharda Síochána a earcú ar bhonn leantach agus le comhaltaí a ath-imlonnú chuig póilíneacht túslíne<br>1.1 An sprioc go ndéanfaí 400 comhalta a ath-imlonnú a bhaint amach sa bhliain 2021 chun Gardaí a fhágáil saor le haghaidh obair thábhachtach póilíneachta túslíne | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 2 | Tacú le Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána chun a chinntiú gur féidir leis an eagraíocht fórsa saothair éagsúil cuimsitheach a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, lena n-áirítear treochlár earcaíochta éagsúlachta a ullmhú<br>2.1 Tacú le hobair an tSainghrúpa Athbhreithnithe ar Oideachas Earcach agus Conairí Iontrála laistigh den Gharda Síochána (R4) | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 3 | Obair i gcomhar leis an nGarda Síochána, le Roinn an Taoisigh agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun comhordú agus dul chun cinn a dhéanamh ar chomhlíonadh an phlean um Sheirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí, lena n-áirítear athbhreithniú lár bliana, agus tacú leis an Aire maidir leis an bplean a chur chun feidhme | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 4 | Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail chun creat comhtháiteach nua rialachais agus formhaoirseachta a sholáthar le haghaidh póilíneachta<br>4.1 An Scéim Ghinearálta den Bhille a fhormheas (R1)<br>4.2 An Bille a fhoilsiú (R4)<br>4.3 An próiseas reachtach a thosú (R1 2022) | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 5 | An t-athbhreithniú ar ról an Gharda Síochána i gcinntí ionchúisimh a sheoladh<br>5.1 An Tuarascáil Eatramhach a fhoilsiú – R1<br>5.2 An Tuarascáil Deiridh a fhoilsiú – R4 | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 6 | Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar theicneolaíocht nasc físe a úsáid i gcásanna coiriúla chun an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2020 a chothabháil<br>6.1 Tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú – R2<br>6.2 Tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú – R4 | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 7 | Cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí ón ngrúpa athbhreithnithe um Shábháilteacht Cúirteanna | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 8 | Athbhreithniú ar an gcreat reachtach um shábháilteacht náisiúnta<br>8.1 Athbhreithniú ar an tuarascáil ar an Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit – R2<br>8.2 Tús a chur le hathbhreithniú ar fhorálacha reachtacha eile (leanúnach) | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 9 | Tús a chur le próiseas scópála tionscadail le haghaidh an Bille um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail a chur chun feidhme a luaithe a achtaítear é | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 10 | Reachtaíocht a dhréachtú don Gharda Síochána le haghaidh úsáid a bhaint as ceamaraí éide (Taifeadadh Digiteach) agus le haghaidh úsáid mhéadaithe a bhaint as teilifís chiorcaid iata agus teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí<br>10.1 An Scéim Ghinearálta a fhoilsiú – R1<br>10.2 An Bille a fhoilsiú – R3 | R3 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 11 | Dréachtú a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta de Bhille chun cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála na bpóilíní a chódú | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 12 | Tacú le bonneagar éifeachtach slándála a oibriú ar aon dul leis na moltaí ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn trí infheistíocht i gcórais nua-aimseartha faisnéise agus i sainacmhainní | R4 | Slándáil agus Tuaisceart Éireann |
| 13 | Obair i gcomhar le comhpháirtithe agus le geallsealbhóirí chun dul chun cinn a dhéanamh ar na bearta oidhreachta a chuimsítear i gComhaontú Theach Stormont agus ar na gealltanais a tugadh de bhun Chomhaontú Aoine an Chéasta | R4 | Slándáil agus Tuaisceart Éireann |
| 14 | Grúpa idir-rannach a bhunú chun an dóigh a n-oibrítear Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athrú chun dáta agus a chuíchóiriú | R1 | Slándáil agus Tuaisceart Éireann |
| **Clár cuimsitheach a sholáthar chun feabhas a chur ar oibriú an chórais cheartais choiriúil** | | | |
| 15 | I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, tús a chur le pleananna a chur chun feidhme chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus le héilliú tar éis fhoilsiú Athbhreithniú Hamilton<br>15.1 Foilsiú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta lena dtugtar aghaidh ar na moltaí (R1)<br>15.2 Na téarmaí tagartha don Chomhairle Chomhairleach a dhréachtú chun aghaidh a thabhairt ar úinéireacht, ar fheidhmeanna, ar struchtúir, ar thuairisciú agus ar chuntasacht, agus dul i gcomhairle i dtaobh na dtéarmaí tagartha sin (R2)<br>15.3 Tosach feidhme a thabhairt don Chomhairle Chomhairleach, a mbeidh príomhról aici i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme (R3) | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 16 | Comhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú atá bunaithe ar chomhpháirtíocht trasearnála a bhunú chun dul i gceannas ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Athbhreithniú Hamilton, lena n-áirítear bord comhairleach nua a bhunú | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 17 | Sásra Náisiúnta Atreorúcháin athbhreithnithe a chur i bhfeidhm le haghaidh íospartaigh na gáinneála a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh<br>17.1 Páipéar beartais ar an Sásra Náisiúnta Atreorúcháin a fhoilsiú – R2<br>17.2 Tacaí praiticiúla breise d'íospartaigh a chur i bhfeidhm – R1<br>17.3 Dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht nua – R4 | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 18 | Obair i gcomhar le geallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus sa tsochaí shibhialta chun athbhreithniú agus treisiú a dhéanamh ar ár bpróisis agus ár gcreat reachtach i leith gáinneáil ar dhaoine a chomhrac | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 19 | An Bille um Smuigleáil Daoine a fhoilsiú chun oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme | R2 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 20 | Córas maoirseachta a thabhairt isteach le haghaidh margairí mínealaíne atá le maoirsiú ag an Aire tar éis achtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) | R4 | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 21 | Cigireachtaí ar sciúradh airgid a dhéanamh go cianda i gcásanna nach féidir cloí le scaradh sóisialta iontu<br>21.1 Déanfar 50 cigireacht chianda sa bhliain 2021 | R4 | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 22 | Páirt a ghlacadh i Measúnú Riosca arna stiúradh ag an Roinn Airgeadais ar sholáthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta | R1-4 | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 23 | Tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána ar éilliú a fhoilsiú<br>23.1 Plean cur chun feidhme oibríochtúil a fhoilsiú (R3) | R1 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| | **Tacú le hobair chun dul i ngleic leis an gcibearchoireacht, feabhas a chur ar shábháilteacht ar líne agus ullmhú do na dúshláin sa todhchaí trí bheartais agus reachtaíocht níos láidre a chur i bhfeidhm** | | |
| 24 | Tús a chur le scéim ghinearálta de Bhille Cibearchoireachta a dhréachtú d'fhonn Coinbhinsiún Bhúdaipeist a dhaingniú | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 25 | Leanúint le tacaíocht a thabhairt do hotline.ie trí rannpháirtíocht an tionscail a mhéadú agus trí obair i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a chinntiú go mbeidh sainchúram agus díriú hotline.ie ag teacht leis an gCoimisiún Meán atá beartaithe agus leis an gCoimisinéir Sábháilteachta Digití atá beartaithe agus go mbeidh an sainchúram agus an díriú sin á gcomhlánú acu | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 26 | Leanúint le dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach ar líne trí shásraí fógra agus leagain a neartú chun a chinntiú go mbainfear gach cineál inneachair neamhdhleathaigh go mear. Obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun ullmhú do chur chun feidhme a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha atá beartaithe ag an Aontas Eorpach agus ar na forálacha sonracha a bhaineann le hinneachar neamhdhleathach a rialáil ar líne | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 27 | Leanúint le hobair i ndlúthchomhar le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Chibearchoireacht agus tacú le leathnú na mol réigiúnach cibearchoireachta | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 28 | Tar éis fhoilsiú na tuarascála ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, tograí a thabhairt chun críche chun déileáil le smachtbhannaí díspeagadh cúirte as sáruithe ar rialuithe meán sóisialta. | Leanúnach | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 29 | Comhoibriú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, atá mar cheannasaí, agus leis an nGarda Síochána i dtaca le hinneachar dochrach ar líne a laghdú, lena n-áirítear físeáin fhoréigneacha agus íomhánna foréigneacha | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 30 | Tosach feidhme a thabhairt d'fhorálacha an Achta um Chiapadh, Cumarsáidí Dochracha agus Cionta Gaolmhara, 2020, ar a dtugtar Dlí Coco, chun cion a dhéanamh de mhí-úsáid ghnéasach íomhábhunaithe, agus feachtas feasachta a sheoladh | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht agus Trédhearcacht |
| **Treisiú leis na bearta atá ar bun chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe eile trí ghníomhaíocht náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta** | | | |
| 31 | A chinntiú go soláthróidh an Garda Síochána nasc rathúil na hÉireann chuig SIS II chun faisnéis a mhalartú faoi dhaoine aonair a lorgaítear i dtaca le gníomhaíochtaí coiriúla<br>31.1 An reachtaíocht tacaíochta riachtanach a achtú faoi R2 den bhliain 2022 | R1 – R2 | Ceartas Coiriúil – Rialachas / Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 32 | Ullmhúcháin a dhéanamh, agus tacaíocht a thabhairt, do chur chun feidhme Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Cosc a Chur ar Inneachar Sceimhlitheoireachta a bheith á Scaipeadh ar Líne<br>32.1 Grúpa oibre a bhunú leis an nGarda Síochána – R1<br>32.2 Cinneadh a dhéanamh ar Údarás inniúil a ainmniú d'fhonn an t-údarás a bhunú go luath sa bhliain 2022 – R3 | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 33 | Measúnú a dhéanamh ar na ceanglais reachtaíochta is gá chun pacáiste ECRIS-TCN a thrasuí i ndlí na hÉireann. Le pacáiste ECRIS-TCN, leathnaítear an córas malartaithe faisnéise atá ann cheana idir na Ballstáit den Aontas Eorpach maidir le ciontuithe chun náisiúnaigh thríú tír a chur ar áireamh | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 34 | An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) a fhoilsiú chun tacú leis an Aontas Eorpach bearta láidre a dhéanamh chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus díriú ar leith á chur ar an riosca a bhaineann le taisteal chuig tríú tíortha chun gabháil do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 35 | Dul chun cinn a dhéanamh ar ullmhúcháin bheartais don reachtaíocht le haghaidh sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí laistigh den Aontas Eorpach a bhailiú | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 36 | Réiteach um theagmháil le hiompróirí díreacha a fhorbairt chun iompróirí breise a thabhairt ar bord le haghaidh sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí lasmuigh den Aontas Eorpach a bhailiú | R3 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 37 | Tacú leis an imscrúdú ar choiriúlacht idirnáisiúnta laistigh den Chreat um Chúnamh Frithpháirteach | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 38 | Tacú le córas éifeachtach eiseachadta a oibriú de réir na reachtaíochta | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 39 | Tacú leis an mBarántas Gabhála Eorpach a oibriú de réir na reachtaíochta | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 40 | Páirt a ghlacadh sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus caighdeáin dea-chleachtais a ghlacadh sa chóras don chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta san earnáil Ceartais | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 41 | Na gnéithe ceartais choiriúil den Chúigiú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid a thrasuí tríd an mBille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) a achtú agus tosach feidhme a thabhairt dó | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 42 | Na bearta ceartais choiriúil amuigh de chuid an Aontais Eorpaigh a thrasuí, lena n-áirítear maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do phianbhreitheanna coimeádta agus bearta maoirseachta, Leasanna Airgeadas an Aontais Eorpaigh a chosaint ar an gcalaois agus ar an ngóchumadh; agus cásanna gaolmhara i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhainistiú<br>42.1 Tosach feidhme a thabhairt don Acht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Chinntí ar Bhearta Maoirseachta), 2020 – R1 | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 43 | Socruithe oibre a bhunú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 44 | Tacú leis an nGarda Síochána acmhainní a chur ar fáil do chur chuige nua i leith póilíneacht pobail i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha araon agus an cur chuige sin a chur in iúl agus a chur chun feidhme | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Rialachas agus Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 45 | Obair i gcomhar leis an bhFóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe chun tionscnaimh a fhorbairt le haghaidh sábháilteacht pobail a chur chun cinn agus chun na deiseanna atá ann gabháil don choireacht a laghdú ar fud na tíre | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas, Trédhearcacht |
| 46 | Mar chuid den mheastóireacht ar na Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail sa Longfort agus i bPort Láirge, breithneoimid go háirithe tionchar na samhla Comhpháirtíochta i limistéir thuaithe. Bainfear leas as an obair sin chun comhdhéanamh deiridh na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chinneadh agus chun a chinntiú go mbeidh siad in ann obair ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar son feabhas a chur ar shábháilteacht i gceantar tuaithe agus uirbeach na hÉireann de réir mar a théimid i dtreo cur i bhfeidhm náisiúnta | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 47 | Faireachán a dhéanamh ar thorthaí Oibríocht Thor – oibríocht an Gharda Síochána in aghaidh na buirgléireachta agus na coireachta maoine i gceantar tuaithe na hÉireann – mar chuid dár n-obair chun táscairí a fhorbairt ar fud na hearnála ceartais | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas, Gnóthaí Corparáideacha |
| 48 | Tacú le hobair na nOifigeach Coiscthe Coireachta a dhéanann teagmháil ghníomhach le grúpaí pobail chun an Feachtas um Pobail Níos Sábháilte a chur chun cinn agus a mholann do chónaitheoirí dóigheanna ar féidir leo a sábháilteacht phearsanta a mhéadú agus a maoin a dhaingniú | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 49 | Obair i gcomhar le Muintir na Tíre chun tacú le hoibriú na scéime Foláirimh Téacs agus chun í a leathnú. | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 50 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na cumhachtaí reatha atá ag Gardaí i dtaca le hairm chontúirteacha, lena n-áirítear sceana, chun a chinntiú go bhfuil acu na huirlisí dlíthiúla a theastaíonn chun ár bpobail a chosaint. Díreoimid freisin ar na sonraí atá ann cheana a anailísiú, ar fhoinsí nua sonraí a fhorbairt, agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta a iniúchadh chun eolas a dhéanamh don bheartas sa réimse seo. | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas, Gnóthaí Corparáideacha |
| **An dlí coiriúil agus an nós imeachta coiriúil a athbhreithniú, a athchóiriú agus a nuachóiriú chun oibriú éifeachtach éifeachtúil an chórais cheartais choiriúil a fheabhsú agus a fhothú** | | | |
| 51 | Reachtaíocht nua a thabhairt isteach chun déileáil leis an bhfuathchoireacht agus leis an ngríosú chun fuatha<br>51.1 An Scéim Ghinearálta de Bhille um Fhuathchoireacht a fhoilsiú – R1 | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 52 | An Bille um Nós Imeachta Coiriúil a fhoilsiú chun foráil a dhéanamh do níos mó éisteachtaí réamhthrialach, rud lena n-éascófar próiseas cúirte níos tapa agus níos éifeachtúla le haghaidh cionta gnéasacha, choireanna an bhóna bháin agus na coireachta eagraithe | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 53 | An Bille um Cheartas Coiriúil (Leasú) a fhoilsiú | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 54 | Foilsiú a dhéanamh ar an mBille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád agus a Nochtadh), rud a ghlacfaidh áit Acht 2011 chun aird a thabhairt ar na rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le sonraí tráchta agus láithreach a choimeád chun críche imscrúduithe coiriúla | R3 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 55 | **Scéim a thabhairt isteach chun taifid choiriúla a scriosadh le haghaidh fir aeracha a ciontaíodh i gcionta stairiúla**<br>55.1 Grúpa athbhreithnithe a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le taifid chuí a shainaithint a d'fhéadfadh tacú le cinneadh ar thaifead um chiontú i gcaidreamh comhthoiliúil comhghnéis roimh dhíchoiriúlú sa bhliain 1993 a scriosadh – R1<br>55.2 An Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe a chur isteach lena breithniú – R3 | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 56 | **Scéim Chúitimh nua do Ghardaí a thabhairt isteach i leith díobhálacha mailíseacha a fhulaingíonn siad le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh**<br>56.1 An Bille a fhoilsiú – R1<br>56.2 Ullmhú do Scéim Cúitimh nua do Ghardaí a thabhairt isteach – R4 | R1<br>R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 57 | **I gcomhairle le Teachtaí agus le Seanadóirí san Oireachtas, dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht tosaíochta chun alt 252 d'Acht na Leanaí, 2001, a leasú chun aghaidh a thabhairt ar nithe a tháinig chun cinn i gcinneadh ón gCúirt Achomhairc le déanaí** | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 58 | **Acht na Leanaí 2001 a leasú chun roghanna eile a sholáthar ar phianbhreitheanna ar fionraí do leanaí**<br>58.1 Dul i gcomhairle le pearsanra um Beartas Ceartais Choiriúil maidir leis an Tuarascáil agus na Moltaí a d'eisigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le déanaí ar an tsaincheist seo – R1<br>58.2 Dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí/geallsealbhóirí reachtúla ábhartha – R2<br>58.3 An scéim ghinearálta de Bhille nua a fhoilsiú – R4 | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 59 | **Breac-chuntas a thabhairt ar na roghanna le haghaidh córas cosantóirí poiblí a thabhairt isteach**<br>59.1 Páipéar beartais a chur faoi bhráid an Aire lena athbhreithniú | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| | **Rialachas láidir a chinntiú i ngach comhlacht ar fud na hearnála ceartais choiriúil agus dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí sin** | | |
| 60 | **Socruithe rialachais dea-chleachtais a fhorbairt agus cur chun feidhme na ndea-chleachtas sin a chinntiú i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha uile, lena n-áirítear**<br>60.1 Trí Chomhaontuithe Formhaoirseachta fiúntacha, spriocanna buiséadaithe feidhmíochta agus Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta a fhorbairt; agus<br>60.2 Trí idirchaidreamh rialta le comhlachtaí, lena n-áirítear trí chruinnithe foirmiúla rialachais, chun comhlíonadh agus feidhmíocht a bhreithmheas agus chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a thagann chun cinn | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas, Gnóthaí Corparáideacha |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 61 | Córas a chur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil caiteachas gníomhaireachtaí ar aon dul leis an mbuiséad, agus aon leasú a theastaíonn ar an mbuiséad a bhainistiú | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas, Gnóthaí Corparáideacha |
| 62 | Córas a chur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil caiteachas gníomhaireachtaí ar aon dul leis an mbuiséad, agus aon leasú a theastaíonn ar an mbuiséad a bhainistiú | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas, Gnóthaí Corparáideacha |
| 63 | Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus iad ag cur a gclár infheistíochta caipitil chun feidhme ar fud na hearnála Ceartais Choiriúil, agus comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla agus teagmháil leis na geallsealbhóirí ábhartha uile á gcinntiú | R2 | Gnóthaí Corparáideacha<br>Ceartas Sibhialta agus Coiriúil – Rialachas |
| 64 | Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Ghníomhaireachtaí na Roinne a chur i bhfeidhm faoi Threoirlínte nua ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<br>64.1 Na gníomhaireachtaí atá le dul faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a roghnú – R2 | Leanúnach | Ceartas Sibhialta agus Coiriúil – Rialachas |
| 65 | Tograí a fhorbairt le haghaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann a chur ar bhonn reachtúil cuí | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |



# **Sprioc 2** Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú

# Sprioc 2: Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú

Ceart bunúsach agus cumasóir tábhachtach in aon sochaí chothromasach rathúil is ea rochtain ar an gceartas. Ní mór do na córais cheartais agus chúirteanna oiriúnú go leanúnach d'athruithe ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar.

Áirítear sa fhreagracht atá ar an Roinn rochtain a leathnú ar an gcóras ceartais, agus bacainní ar an rochtain sin a shainaithint agus deireadh a chur leo, chun go bhfreastalóidh an córas ar riachtanais an phobail, na sochaí agus an lucht gnó.

Tá costais dlí in Éirinn toirmeascach agus tá siad ina mbacainn ar dhaoine a gcearta a fheidhmiú os comhair na gcúirteanna. Is eol dúinn freisin an difear a dhéanann na hardchostais agus na córais chasta sin dár ngeilleagar agus dár n-iomaíochas, cibé acu a bhaineann siad sin leis an gcostas ar theach a cheannach, le conradh a fhorfheidhmiú nó le hárachas a cheannach.

Is é an toradh a bheidh ar scálaí nua costas dlí a thabhairt isteach go laghdófar costais den sórt sin agus go dtabharfar cinnteacht mhéadaithe do dhaoine maidir leis na costais ar dóigh dóibh a bheith ag baint le seirbhísí dlí. Measúnóimid cé acu ba cheart nó nár cheart na scálaí sin a bheith ceangailteach, ach amháin in imthosca teoranta.

Agus í ag obair leis na breithiúna agus leis na cúirteanna, déanfaidh an Roinn an tsraith is tábhachtaí athchóirithe le 100 bliain anuas ar an dóigh a n-oibríonn ár gcúirteanna sibhialta, sibhialta a thabhairt isteach, le fócas ar riachtanais úsáideoirí an chórais chúirteanna.

Éascófar luathréiteach éileamh trí phrótacail réamhchaingne a thabhairt isteach. Ní mór dúinn féachaint freisin le sásraí malartacha réiteach díospóide a chur chun cinn mar rogha inmharthana eile ar an dlíthíocht. Cinnteoidh sé sin tuilleadh éifeachtúlachtaí agus laghdóidh sé an fad ama a bhaineann le himeachtaí dlí.

Chun a chinntiú go mbainfidh na cúirteanna torthaí amach do gach duine, is é an toradh a bheidh ar an gCúirt Teaghlaigh nua, agus ar nósanna imeachta pragmatacha, íogaire agus comhtháite um an dlí teaghlaigh a fhorbairt, go gcuirfear feabhas suntasach ar eispéireas na dteaghlach a idirghníomhaíonn leis an gcóras dlí le linn tréimhse fíordheacra.

Leag an tSeirbhís Chúirteanna clár oibre uaillmhianach amach chun ár gcúirteanna a nuachóiriú agus chun a gcuid imeachtaí a oiriúnú don lá inniu. Agus sinn ag obair le chéile, cuirfimid córas dlí na hÉireann ar bhonn inrochtana agus cuirfimid leis na hathchóirithe a tugadh isteach le linn na paindéime, amhail éisteachtaí cianda agus comhdú leictreonach doiciméad. Beidh claochlú digiteach ar cheann de na príomhspreagthaí taobh thiar den athrú.

Ceann de phríomhéachtaí an Stáit is ea láidreacht agus neamhspleáchas ár mbreithiúna, agus tá meas ann ar ár mbreithiúna ar fud na hEorpa agus an domhain araon. A bhuí leis an mBille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, cuíchóireofar an próiseas trína gceaptar breithiúna agus cinnteofar go gceapfar na daoine is fearr don ról. Mar thoradh air sin, agus ar an tacaíocht atá á tabhairt againn do Chomhairle na mBreithiúna chun treoirlínte a thabhairt ar aghaidh maidir le hobair bhreithiúnach agus chun scileanna breithiúnacha a fhorbairt, cuirfear tuilleadh feabhais ar sheasamh ár gcórais bhreithiúnaigh sa tír seo agus thar lear araon.

Cinnteoimid go mbeidh an earnáil ceartais ina léiriú níos fearr ar shochaí nua-aimseartha na hÉireann trí fheabhas a chur ar éagsúlacht na mbreithiúna, na seirbhíse cúirteanna agus na ngairmeacha agus tríd an oideachas dlí a leathnú chun mbeidh conairí soiléire ag níos mó daoine i dtreo obair san earnáil dlí. Bunófar Rialálaí Cearrbhachais nua agus achtófar reachtaíocht nua chun an

tionscal cearrbhachais a cheadúnú agus a rialáil. Sna tograí a chuirfear chun tosaigh chun ár ndlíthe clúmhillte a thabhairt cothrom le dáta, bainfear an chothromaíocht chuí amach idir clú agus saoirse cainte.

Bhí ár n-earnálacha cultúir agus fáilteachais i measc na n-earnálacha ba mhó a d'fhulaing de dheasca de bharr phaindéim Covid-19. Téarnóidh na hearnálacha sin, áfach, agus tabharfaimid athchóirithe isteach chun tacú leis an ngeilleagar oíche a fhorbairt agus a cheadúnú, lena n-áirítear trí dhlíthe nuachóirithe ceadúnúcháin.

Tá an uaillmhian sin leagtha amach in Éire atá sábháilte, cóir agus cuimsitheach: an Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2021-2023. Chun obair i dtreo na spriocanna sin a chomhlíonadh, shainaithníomar cúig chuspóir tosaíochta sa réimse seo sa tréimhse go dtí an bhliain 2023:

1. An córas cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun imeachtaí cúirte a sheoladh ar bhealach níos córa agus níos tapúla

2. Cúirt Teaghlaigh a bhunú agus an córas ceartais teaghlaigh a bhunathrú chun feabhais

3. Oibriú na mbreithiúna a nuachóiriú chun go mbeidh siad in ann obair ar bhealach níos éifeachtaí; agus athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas le breithiúna a cheapadh

4. Tacú le costais dlí a laghdú, agus fad ama imeachtaí dlí a laghdú, agus dul i ngleic le hardchostas an árachais

5. Tacú lenár ngeilleagar agus lenár sochaí tríd an dlí rialála, an dlí ceadúnúcháin agus an dlí sibhialta a athchóiriú

6. Tacú le Cróinéir Bhaile Átha Cliath tús a chur le hIonchoisní Stardust sa bhliain 2021 agus tacú le gach cróinéir tacú leis na cróinéirí uile a bpost a dhéanamh le linn na paindéime

7. Dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí ceartais shibhialta atá faoinár gcoimirce agus a chinntiú go bhfuil struchtúir agus caidrimh chuí rialachais i bhfeidhm ar fud na gcomhlachtaí sin

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, shainaithníomar 45 ghníomh atá le cur i gcrích sa bhliain 2021 agus atá leagtha amach go mion thíos.



| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **An córas cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun imeachtaí cúirte a sheoladh ar bhealach níos córa agus níos tapa** | | | |
| 66 | Dul chun cinn a dhéanamh ar an obair chun oideachas dlíthiúil gairmiúil a oscailt suas agus a athchóiriú, formhaoirseacht neamhspleách a thabhairt isteach den chéad uair riamh, agus deireadh a chur leis na bacainní atá ar dhuine gairm mar aturnae nó mar abhcóide a shaothrú. Plean cur chun feidhme a fhoilsiú chun éifeacht a thabhairt don Tuarascáil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí maidir le hoiliúint gairmithe dlí, agus tús a chur leis an gcur chun feidhme | R3 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 67 | Teacht i bhfeidhm an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí nua a éascú agus struchtúir cheartais nua eile a leabú chun torthaí níos fearr don phobal a chinntiú | R2 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 68 | Úsáid a bhaint as léargais chustaiméirí chun breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag nua-aoisiú na seirbhíse ar úsáideoirí an chórais chúirteanna agus dlí, agus an dea-aistear custaiméara a chur chun cinn<br>68.1 Tuarascáil ar léargais chustaiméirí a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta | R4 | Bainistíocht agus Teicneolaíocht na Faisnéise (B&TF) |
| 69 | Dul chun cinn a dhéanamh ar lárú agus uathoibriú na n-oifigí cúirte agus na bpróiseas cúirte tríd an mBille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) a fhoilsiú | R2 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 70 | Freagra a thabhairt ar an mbreithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás McFarlane v. Éire trí leigheas a chur i bhfeidhm le haghaidh moilleanna ar imeachtaí Cúirte<br>70.1 An Scéim Ghinearálta de Bhille a cheadú in R2<br>70.2 Bille a fhoilsiú in R4 | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 71 | Foráil a dhéanamh do chomhpháirtíochtaí dlíthiúla nua a thabhairt isteach, rud lena gcuirfear ar chumas abhcóidí agus aturnaetha seirbhísí dlí a sholáthar i gcomhpháirt den chéad uair riamh | R2 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| **Cúirt Teaghlaigh a bhunú agus an córas ceartais teaghlaigh a bhunathrú chun feabhais** | | | |
| 72 | Tacú leis an Tionscnamh Ceartais Teaghlaigh trí theagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Chúirteanna maidir leis na cinntí éagsúla eastáit a thagann chun cinn, agus a chinntiú go bhfuil an | R3 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 73 | Dul chun cinn a dhéanamh ar an mBille um an gCúirt Teaghlaigh, agus aird á tabhairt ar an toradh ar chomhairliúcháin agus ar an bpróiseas scrúdaithe réamhreachtaigh | R4 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 74 | Tacú le hobair an Ghrúpa Formhaoirseachta um Cheartas Teaghlaigh agus dul i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí i réimse an cheartais teaghlaigh ar a mbeidh le fáil i Straitéis maidir le Ceartas Teaghlaigh<br>74.1 Tuairisc a thabhairt ar an gcomhairliúchán don Ghrúpa Formhaoirseachta um Cheartas Teaghlaigh-R2<br>74.2 Straitéis a dhréachtú, agus ionchuir riachtanacha á bhfáil ó ionadaithe d'úsáideoirí agus don tsochaí shibhialta – R1 2022<br>74.3 Cruinnithe rialta de chuid an Ghrúpa Formhaoirseachta um Cheartas Teaghlaigh a thionól | R2 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 75 | Athbhreithniú a fhoilsiú ar oibriú fhorálacha an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, a bhaineann le caomhnóireacht leanaí nach bhfuil a dtuismitheoirí pósta ná i bpáirtnéireacht shibhialta | R3 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 76 | Taighde a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige atá á nglacadh ag dlínsí eile i leith coimhthiú tuismitheora, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí | R3 | Ceartas Sibhialta – Beartas<br>Taighde agus Anailísíocht Sonraí |
| 77 | Obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le saincheisteanna a bhaineann le máthairionadaíocht agus atáirgeadh daonna deontóir-chuidithe a eascraíonn as an tuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta um Chosaint Leanaí<br>77.1 Scrúdú ar an Tuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta a chur i gcrích i gcomhar le Ranna ábhartha, agus an freagra do na gnéithe a bhaineann leis an Roinn Dlí agus Cirt a sainaithníodh a mholadh, agus plean cur chun feidhme a dhréachtú. | Leanúnach | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| **Oibriú na mbreithiúna a nuachóiriú chun go mbeidh siad in ann obair ar bhealach níos éifeachtaí; agus athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas bpróiseas chun breithiúna a cheapadh** | | | |
| 78 | Bille fá Choimisiún nua um Cheapacháin Bhreithiúnacha a fhoilsiú, rud lena ndéanfar an dóigh a gceaptar breithiúna a athchóiriú agus a nua-aoisiú | R1 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 79 | Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a bhunú: Dul chun cinn ar ghnéithe rialachais den tionscadal chun an Coimisiún nua a bhunú agus socruithe a dhéanamh le haghaidh ceapacháin ábhartha, lena n-áirítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ainmnithe agus Comhaltaí Tuata | R2 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 80 | Dul chun cinn a dhéanamh ar an ngealltanas a tugadh i gClár an Rialtais go ndéanfaí athbhreithniú ar an líon breithiúna agus an cineál breithiúna a bheidh ag teastáil chun riar éifeachtúil an cheartais a chinntiú sna cúig bliana romhainn, lena n-áirítear an gá le sainscileanna, tionchar Covid-19, agus an méid a d'fhéadfadh éifeachtúlachtaí i mbainistíocht cásanna agus i gcleachtais oibre rannchuidiú le freastal ar éilimh bhreise ar sheirbhísí agus/nó le feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar an rochtain ar an gceartas<br>80.1 Grúpa Oibre a Bhunú – R1 | R1 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 81 | Taighde a choimisiúnú chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh don athbhreithniú ar an líon breithiúna agus ar scileanna breithiúna, lena n-áirítear comparadóirí idirnáisiúnta cuí is féidir a úsáid chun na heispéiris i ndlínsí eile (go háirithe i limistéir an Dlí Choitinn) a scrúdú, agus faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta a fháil faoi chleachtais bhreithiúnacha agus faoi chórais bhainistíochta cásanna, mar aon le sonraí faoin ualach cásanna i dtaca le cúirteanna na hÉireann | R1 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 82 | A chinntiú, a luaithe a ghlacann Comhairle na mBreithiúna treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta, go mbeidh an tAire in ann Orduithe a dhéanamh lena ndéanfar na forálacha ábhartha den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, a thabhairt i bhfeidhm | R3 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| **Tacú le costais dlí agus fad ama imeachtaí dlí a laghdú agus dul i ngleic le hardchostas an árachais** | | | |
| 83 | Tús a chur leis an obair chun scálaí nua costas dlí a thabhairt isteach, rud a dhréachtófaí go neamhspleách, chun costais dlí a laghdú agus chun tuilleadh cinnteachta a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí dlí i dtaca leis an gcostas<br>83.1 Mionscrúdú a chur i gcrích ar na moltaí a thugtar laistigh de thuarascáil Peter Kelly ar chostais dlí. Mar chuid den obair sin, déanfaimid mionmheastóireacht eacnamaíochta agus dlí, rud a n-áireofar leis scrúdú a dhéanamh ar na scálaí sin a dhéanamh ina gceangal, seachas i gcás go roghnaíonn an dá pháirtí gan páirt a ghlacadh ann (R4) | Cuirtear tús leis an obair in R1 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 84 | Comhlacht a ainmniú, trí Ordú ón Aire, mar Chomhairle Idirghabhála a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa reachtaíocht ábhartha, a foilsíodh sa bhliain 2017, chun tacú le gairm na hidirghabhála mar fhorlíonadh tábhachtach do phróisis bhreithiúnacha thraidisiúnta agus mar rogha eile orthu | R2 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 85 | Na Comhaltaí den Chomhairle a chomhaontú lena n-ainmniú ag an Rialtas | R1 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 86 | Tacaíocht chuí a thabhairt don Tionscnamh um Éire don Dlí tar éis an Bhreatimeachta | Leanúnach | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 87 | Bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil, lena n-áirítear cead a thabhairt ar bhealach tráthúil do thuarascálacha ó shainfhinnéithe agus bainistíocht a dhéanamh ar phainéil Chúnaimh Dhlíthiúil Choiriúil | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 88 | An Scéim Ghinearálta den Bhille um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil a fhoilsiú chun oibriú na scéime um chúnamh dlíthiúil coiriúil a aistriú chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus an dlí um chúnamh dlíthiúil coiriúil a athrú chun dáta agus a nua-aoisiú ar shlí eile | R4 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 89 | An scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta a athbhreithniú agus tograí le haghaidh athchóirithe a thabhairt ar aghaidh.<br>89.1 An t-athbhreithniú sin a thosú in R3 | R3 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 90 | Obair i gcomhar le comhpháirtithe ar fud an Rialtais chun tús áite a thabhairt d'athchóiriú na hearnála árachais Athbhreithnithe a bhaineann le hárachas a chur i gcrích orthu seo:<br>a) Rátaí lascaine<br>b) Dliteanas áititheoirí<br>c) Tuarascálacha ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le huasteorainn a chur leis na dámhachtainí i gcaingne díobhálacha pearsanta | R1 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 91 | Moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir le haon athruithe ar an dlí um dhliteanas áititheoirí a mheastar a bheith riachtanach | R2 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 92 | Tosach feidhme a thabhairt do rialacháin maidir le fógraíocht aturnaetha | R1 | Ceartas Sibhialta agus Coiriúil – Beartas |
| 93 | Scrúdú a dhéanamh ar an ngealltanas ón Rialtas go n-iniúchfaí an fhéidearthacht a bhaineann le ceangal a chur ar éilitheoirí calaoiseacha costais dlí na gcosantóirí a íoc, agus éifeacht a thabhairt don ghealltanas sin, agus na pionóis a ghearrtar as éilimh chalaoiseacha a athbhreithniú agus a mhéadú | R3 | Ceartas Coiriúil-Reachtaíocht |
| 94 | Cion an mhionnaithe éithigh a chur ar bhonn reachtúil tríd an mBille um Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara, 2018, a achtú | R2 | Ceartas Coiriúil-Reachtaíocht |
| **Tacú lenár ngeilleagar agus lenár sochaí tríd an dlí rialála, an dlí ceadúnúcháin agus an dlí sibhialta a athchóiriú** | | | |
| 95 | Agus forbairt á déanamh ar an obair a rinneadh cheana, tús a chur le clár foirmiúil chun rialálaí reachtúil cearrbhachais a bhunú trí úsáid a bhaint as cur chuige bainistíochta tionscadail agus as foireann cláir thrasfheidhmiúil | R1 | Ceartas Sibhialta – Rialachas / Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 96 | Foilsiú a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta de reachtaíocht a bhfuil mar aidhm léi an córas ceadúnúcháin don chearrbhachas a athchóiriú agus an rialálaí cearrbhachais a bhunú, agus | R3 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 97 | Freagrachtaí an Stiúrthóra/an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ainmnithe ar an rialálaí reachtúil nua cearrbhachais a thabhairt chun críche (R2), an post a fhógairt go poiblí (R3) agus ceapachán an Stiúrthóra/an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ainmnithe a thabhairt chun críche | R4 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 98 | Páirt a ghlacadh in obair an Tascfhórsa Geilleagair Oíche d'fhonn ceadúnú alcóil a athbhreithniú agus a nua-aoisiú | Leanúnach | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 99 | Rialacháin phrótacail réamhchaingne nua (faillí chliniciúil) a thabhairt isteach lena spreagfar luathréiteach líomhaintí faillí le linn cumarsáidí tráthúla idir páirtithe a chur chun cinn agus laghdú a dhéanamh ar an líon caingne faillí cliniciúla a thionscnaítear | R3 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 100 | Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar dhlíthe clúmhillte chun a chinntiú go nglacfar cur chuige cothromaithe i leith an chirt chun saoirse cainte, i leith an chirt chun dea-chlú agus dea-cháil a chosaint agus i leith an chirt chun rochtain a fháil ar an gceartas<br>100.1 Athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Chlúmhilleadh 2009 a chur i gcrích agus a fhoilsiú – R1<br>100.2 Scéim den Bhille um Chlúmhilleadh (Leasú) a ullmhú – R4 | Leanúnach | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 101 | An Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) (Uimh. 1) a achtú chun a chinntiú go mbeidh tacaí dóthanacha i bhfeidhm do shealbhóirí morgáiste a bhfuil deacrachtaí aisíocaíochta acu, lena n-áirítear iad sin a d'eascair as an bpaindéim | R1 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 102 | Athbhreithniú reachtúil a chur i gcrích ar na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012-2015 | R2 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 103 | Scéim den Bhille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú) (Uimh. 2) a ullmhú, bunaithe ar an toradh ar an athbhreithniú | R4 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 104 | An Bille um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú) a fhoilsiú chun an t-athchóiriú riachtanach a sholáthar le haghaidh ceadúnas | R2 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| **Tacú le Cróinéir Bhaile Átha Cliath chun tús a chur le hIonchoisní Stardust sa bhliain 2021 agus tacú leis na cróinéirí uile chun a bpost a dhéanamh** | | | |
| 105 | Soláthar a dhéanamh ar na tacaí cuí uile a theastaíonn chun cur ar chumas an Chróinéara tús a chur leis na gnéithe poiblí d'ionchoisní Stardust go luath sa bhliain 2021 | R1 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 106 | Treochlár a tháirgeadh de na tacaí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna reatha agus an tseirbhís cróinéara a athchóiriú, agus díriú ar leith á leagan ar Oifig Cróinéara Cheantar Bhaile Átha Cliath chun an clár oibre athchóirithe a threorú, lena n-áirítear an fhoghlaim ón taithí phraiticiúil ar an bpaindéim agus an caidreamh le seirbhísí paiteolaíochta a ghabháil | R4 | Ceartas Sibhialta – Rialachas/<br>Ceartas Coiriúil – Rialachas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| | **Dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí ceartais shibhialta atá faoinár gcoimirce agus a chinntiú go bhfuil struchtúir agus caidrimh chuí rialachais i bhfeidhm ar fud na gcomhlachtaí sin** | | |
| 107 | Socruithe rialachais dea-chleachtais a fhorbairt agus cur chun feidhme na ndea-chleachtas sin a chinntiú i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha uile, lena n-áirítear<br>Trí Chomhaontuithe Formhaoirseachta fiúntacha, spriocanna buiséadaithe feidhmíochta agus Comhaontuithe Soláthair Feidhmíochta a fhorbairt; agus trí Idirchaidreamh rialta le comhlachtaí, lena n-áirítear trí chruinnithe foirmiúla rialachais, chun comhlíonadh agus feidhmíocht a bhreithmheas agus chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a thagann chun cinn | R1-R4 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 108 | Tacaíocht d'acmhainní cuí a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí tosaíochta do gach gníomhaireacht ceartais shibhialta, lena n-áirítear tacaíocht ghníomhach do Choimisinéir Cosanta Sonraí a bhfuil acmhainní cuí aige | R3 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 109 | Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Ghníomhaireachtaí Ceartais Shibhialta na Roinne a chur i bhfeidhm faoi Threoirlínte nua ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<br>Na gníomhaireachtaí atá le dul faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a roghnú – R2 | R4 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |
| 110 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Abhaile i gcomhar le comhpháirtithe Stáit chun a chinntiú go mbeidh sí réidh le déileáil le hiarmhairtí eacnamaíocha Covid-19 ar aon dul leis an ngealltanas ón Rialtas i gClár an Rialtais go gcuirfí acmhainní ar fáil sa todhchaí, lena n-áirítear comhairliúchán cuí<br>110.1 Tús a chur le hAthbhreithniú Rialachais – R1<br>110.2 Athbhreithniú straitéiseach a chur i gcrích agus moltaí a dhéanamh le haghaidh athruithe láithreacha ar mhórchuspóirí na Scéime, de réir mar is gá (R4) | R4 | Ceartas Sibhialta – Rialachas |






# **Sprioc 3** Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac

# **Sprioc 3:** Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac

Tá ag dul do dhaoine ar fud na tíre ar fad a mhothú go bhfuil siad sábháilte ina bpobal agus ina dteach. Féachfaimid leis an tsábháilteacht sin a sholáthar trí dhul i mbun cumarsáide le pobail, trí dhul i ngleic leis an atitimeachas agus trí thacú le híospartaigh.

Tá rún daingean againn iarracht mhéadaithe a dhéanamh dul i ngleic le sciúirse an fhoréigin ghnéasaigh, bhaile agus inscnebhunaithe. Is é an cuspóir atá againn ina leith sin déantóirí cionta a thabhairt os comhair na cúirte agus a chinntiú gurb eol d'íospartaigh go dtacófar leo.

Tógfaimid bonneagar nua maidir leis an dóigh a ndéantar seirbhísí foréigin ghnéasaigh, bhaile agus inscnebhunaithe a eagrú agus a fhothú ar fud na Ranna difriúla. Freastalóidh sé sin ar bhealach níos éifeachtaí ar íospartaigh agus cabhróidh sé leis an obair ríthábhachtach atá ar bun ag eagraíochtaí a oibríonn sa réimse sin.

Cuirfear gach íospartach i gcroílár ár gcórais cheartais choiriúil, agus oibreoimid chun deireadh a chur leis an eagla atá ar a lán íospartach roimh theacht chun tosaigh chun foréigean a thuairisciú.

Déanfar cur chun feidhme iomlán ar an bplean Tacú le hAistear Íospartaigh, arb é ár bplean é chun cabhrú le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh é. Mar thoradh ar an bplean sin, athchóireofar an córas ceartais choiriúil ag gach pointe ag a dtagann íospartach i dteagmháil leis an gcóras. Treiseofar leis an obair a dhéantar chun coireanna den sórt sin a chosc trí fheachtas náisiúnta feasachta poiblí a sheoladh maidir le toiliú.

Trí thuilleadh freagrachta a ghlacadh agus trí thuilleadh ionchuir a sholáthar, cabhróidh pobail, agus iad ag obair le seirbhísí poiblí, le sábháilteacht pobail a mhéadú agus le dochar a laghdú. Déanfaidh na Comhpháirtíochtaí nua Sábháilteachta Pobail ar fud na tíre pobail níos sábháilte do chónaitheoirí, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí.

Ar mhaithe le sábháilteacht pobail a bhaint amach, ní mór dúinn an fhreagairt pobail cheart a sholáthar ag an am ceart. D'fhéadfadh gurbh fhearr dul i ngleic le fadhbanna ar leith tríd an oideachas, trí oibrithe sóisialta nó trí chláir idirghabhála óige.

In éineacht le hionadaithe áitiúla, le hionadaithe pobail, le grúpaí gnó agus le gníomhaireachtaí Stáit, dréachtóidh pobail a bpleananna féin maidir le conas an choireacht a chosc agus réitigh éifeachtacha a chur in ord tosaíochta. Beidh ról lárnach ag pobail maidir le réitigh nuálacha a shainaithint agus a chur chun feidhme. Cuirfidh treoirthionscadail i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, ar an Longfort agus i bPort Láirge bonn eolais faoin obair a dhéanfar chun cineálacha éifeachtacha cur chuige comhpháirtíochta a fhorbairt i leith sábháilteacht pobail.

Foilseoimid tuarascáil ar an gcúis atá le dronga coiriúla a bheith i nDroichead Átha agus ar an tionchar atá acu; oibreoimid i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an tuarascáil uaithi maidir le Darndál, Belcamp agus Radharc an Mhóta a chur chun feidhme; agus leanfaimid lenár gcuid oibre ar thionscadal *Greentown*.

Má táimid chun daoine óga a athstiúradh ar shiúl ó shaol an choirpigh, is gá dúinn deireadh a chur leis an nasc idir dronga coiriúla agus na daoine óga leochaileacha a ndéanann siad iarracht iad a earcú. Leanfaimid orainn ag obair ar bhonn uile-Rialtais chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna a gcumasaíonn don lucht coiriúlachta an lámh in uachtar a fháil i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus rithfimid reachtaíocht chun cosc a chur le leanaí a ghrúmáil do shaol an choirpigh.

Gnéithe ríthábhachtacha dár gcuid iarrachtaí tacú le daoine óga a bheidh i Straitéis nua um Cheartas i leith an Aosa Óig agus i bhFóram ar Dhul i nGleic leis an Iompraíocht Fhrithshóisialta.

Ag gníomhú dúinn trí Phlean Gníomhaíochta chun Pionóis a Athchóiriú, beidh sé mar phríomhaidhm lenár mBeartas Príosún forbairt a dhéanamh ar bheartais lena dtacaítear le

laghduithe ar an ráta athchiontaithe agus lena gcabhraítear leis na daoine a rinne coireanna a athimeascadh go sábháilte isteach ina bpobal.

Tríd an raon ciontuithe arna ndul as feidhm a leathnú, cabhrófar linn feabhas a chur ar na hionchais fostaíochta a bheidh ag daoine a ciontaíodh i gcion. Chomh maith leis sin, in ionad daoine a chur sa phríosún, cabhróidh smachtbhannaí pobalbhunaithe malartacha le deireadh a chur le timthriall an athchiontaithe.

Oibreoimid freisin chun dul i ngleic le fadhbanna meabhairshláinte agus andúile sa phríosún agus tacóimid le luath-idirghabhálacha sa phobal.

Chun an uaillmhian sin a chomhlíonadh, shainaithníomar naoi gcuspóir straitéiseacha a bhfuil tús áite le tabhairt dóibh sna trí bliana atá le teacht:

1. Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i gcur chuige nua i leith pobail a dhéanamh níos sábháilte, agus obair a dhéanamh ar fud an rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc sin
2. Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac agus tacú le híospartaigh na coireachta
3. Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean Tacú le hAistear Íospartaigh: plean chun cabhrú le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh
4. Daoine óga a athstiúradh ar shiúl ón gcoireacht agus ó iompraíocht fhrithshóisialta
5. An Bord Parúil a chur ar bhonn reachtúil chun aird níos fearr a thabhairt ar na hábhair imní atá ag íospartaigh agus ag marthanóirí
6. Rátaí athchiontaithe a laghdú do dhaoine a ciontaíodh i gcion
7. An ceartas aisiríoch a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtach
8. Reachtaíocht a fhoilsiú chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh, na Céastóireachta
9. Stiúradh a dhéanamh ar an obair chun straitéisí agus gníomhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ciontú a laghdú agus chun comhleanúnachas méadaithe agus cuspóir comhroinnte a thabhairt isteach san earnáil ceartais choiriúil

Sainaithníodh 59 ngníomh mhionsonraithe chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn fiúntach ar an sprioc sin sa bhliain 2021, agus tá siad leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas.



| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i gcur chuige nua i leith pobail a dhéanamh níos sábháilte, agus obair a dhéanamh ar fud an rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc sin** | | | |
| 111 | Páipéar beartais a fhoilsiú ar shábháilteacht pobail<br>111.1 Treoir-Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhunú i gCeantar Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath. | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas, Trédhearcacht |
| 112 | Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhunú sa Longfort agus i bPort Láirge | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 113 | Measúnóir neamhspleách ar phróiseas agus torthaí na dtreoirchlár a cheapadh | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 114 | Cathaoirleach neamhspleách a cheapadh chuig gach treoir-Chomhpháirtíocht | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 115 | Dul i dteagmháil ghníomhach leis an bpobal áitiúil, leis an lucht gnó agus le cónaitheoirí chun baill de na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil a shainaithint | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 116 | Dul i dteagmháil ghníomhach leis na Ranna Rialtais, na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí áitiúla lena mbaineann chun ceapacháin chuig na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil a shainaithint | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 117 | Coiste tacaíochta a bhunú i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann chun tacú le hobair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 118 | Tacú le hobair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil trí thacaí oiliúna a shainaithint agus a sholáthar do bhaill de na comhpháirtíochtaí | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 119 | Tús a chur leis an bpróiseas um meastóireacht eatramhach chun díriú ar na torthaí arna mbaint amach trí na hidirghabhálacha beartais sin | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 120 | Tacú le sábháilteacht pobail i bpobail faoi mhíbhuntáiste<br>120.1 Tríd an gcleachtadh scópála ar ghníomhaíocht choiriúil i nDroichead Átha a fhoilsiú agus trí phlean cur chun feidhme tras-Rannach a chomhaontú (R2)<br>120.2 Trí thacaíocht a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus obair i gcomhar léi chun a chinntiú go gcuirfear an tuarascáil maidir le Darndál, Belcamp agus Radharc an Mhóta i gCathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath chun feidhme. (Leanúnach)<br>120.3 Trí thacú le tús áite a thabhairt d'aon mholtaí a dhéantar sa leagan athbhreithnithe de Phlean Caipitil an Rialtais 2021-2030. (Leanúnach) | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas<br>Ceartas Coiriúil – Beartas agus Rialachas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| | **Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac agus tacú le híospartaigh na coireachta** | | |
| 121 | Leanúint le cur chun feidhme an Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chomhrac a bhrú chun cinn, agus obair á déanamh ar an Tríú Straitéis Náisiúnta a fhorbairt, lena n-áirítear aon tograí reachtacha | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 122 | An t-iniúchadh ar fhreagracht a chur i gcrích le haghaidh seirbhísí foréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe | R1 | |
| 123 | An Bille um Chiontóirí Gnéis (Leasú) a fhoilsiú chun feabhas a chur ar an bhfaireachán iarscaoilte ar chiontóirí gnéis | R2 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 124 | Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh na Coireachta a chur chun feidhme go hiomlán agus soláthar a dhéanamh ar na tacaí breisithe d'íospartaigh a leagtar amach i moltaí Phlean Cur Chun Feidhme O'Malley | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 125 | Cur chun feidhme na Cairte Íospartach a choinneáil faoi athbhreithniú<br>125.1 Fóram Íospartach a bhunú – R2<br>125.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme – R4 | <br>R2<br>R4 | |
| 126 | An staidéar taighde ar fhinemharú a fhoilsiú agus na chéad chéimeanna eile a leagan amach | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 127 | An t-athbhreithniú ar Chuid 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, a chur i gcrích | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| | **Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean Tacú le hAistear Íospartaigh: plean chun cabhrú le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh** | | |
| 128 | Ceadú a fháil ón Rialtas chun an Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla a athchóiriú agus amlínte a leagan amach le haghaidh<br>128.1 Scéim athbhreithnithe a fhoilsiú<br>128.2 Athchóirithe níos fadtéarmaí a chomhaontú<br>128.3 Tús a chur le hobair ar reachtaíocht a bhfuil mar aidhm léi an Scéim a chur ar bhonn reachtúil | R2 | Ceartas Coiriúil – Soláthar Seirbhíse |
| 129 | Bille nua um Chionta Gnéasacha a fhoilsiú chun athchóirithe a sholáthar ar an reachtaíocht um chionta gnéasacha, ar athchóirithe iad a eascraíonn as tuarascáil O'Malley agus as na moltaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le creideamh réasúnach i dtoiliú | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 130 | Ionchur a sholáthar d'fhorbairt na sainchlár riachtanach oiliúna do chomhaltaí ar seirbhís den Gharda Síochána, do ghairmithe dlí agus do dhaoine eile atá ag glacadh páirt, i gcáil ghairmiúil, in imscrúduithe agus trialacha lena mbaineann cionta gnéasacha, agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na gclár sin<br>130.1 Tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn – R2 | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 131 | Scéim a fhorbairt lena húsáid ag Idirghabhálaithe d'íospartaigh na gcionta gnéasacha agus treoirscéim a bhunú. Teagmháil le geallsealbhóirí a chur ar áireamh agus léirithe spéise a lorg ó institiúidí tríú leibhéal chun oiliúint chuí agus creidiúnú cuí a sholáthar do ghairmithe ábhartha chun aitheantas mar idirghabhálaithe a ghnóthú<br>131.1 Comhaontú le hinstitiúid tríú leibhéal a bheith i bhfeidhm (R2)<br>131.2 Treoirscéim a bheith bunaithe (R3) | R1, R2 agus R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 132 | Tacú le cláir oiliúna do na daoine sin a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le híospartach an rialaithe chomhéignigh chun a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ann ar chineál an chiona réasúnta nua sin | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 133 | An cleachtadh mapála a chur i gcrích chun cineál, leathadh agus leibhéal na seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bplean 'Tacú le hAistear Íospartaigh' a shainaithint agus a dhéanamh amach cén áit a bhfuil bearnaí i dtacaí ann agus cén dóigh ar féidir na bearnaí sin a mhaolú | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 134 | Dréachtú a dhéanamh ar reachtaíocht a bhfuil mar aidhm léi an rochtain ar chúnamh dlíthiúil a mhéadú faoi alt 26(3A) den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, ar aon dul le moltaí a rinneadh i dtuarascáil O'Malley | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht / Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 135 | Feachtas feasachta poiblí don earnáil ardoideachais maidir leis an gciall atá le toiliú a fhorbairt agus a sheoladh i gcomhpháirt leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus trí theagmháil le geallsealbhóirí | R2 | Trédhearcacht |
| 136 | Feachtas feasachta maidir le toiliú a fhorbairt agus a sheoladh don tsochaí i gcoitinne | R4 | Trédhearcacht |
| **Daoine óga a athstiúradh ar shiúl ón gcoireacht agus ó iompraíocht fhrithshóisialta** | | | |
| 137 | Na gníomhartha sa Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a chur chun feidhme | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 138 | An mheastóireacht ar na Tionscadail Athstiúrtha don Óige a chur i gcrích | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 139 | An mheastóireacht ar thionscnamh Óige na Freagartha Comhghníomhaireachta i leith na Coireachta (JARC) a chur i gcrích | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 140 | Obair an Fhóraim nua ar Dhul i nGleic leis an Iompraíocht Fhrithshóisialta a thabhairt ar aghaidh | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 141 | Reachtaíocht nua a fhoilsiú chun déileáil le haosaigh a dhéanann leanaí a ghrúmáil isteach i ngníomhaíocht choiriúil | R4 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 142 | Cur isteach ar leanaí a bheith á n-earcú chuig dronga coiriúla trí chur i bhfeidhm leantach threoirthionscadail Greentown. Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chun a chinntiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag an idirghabháil sin agus ag idirghabhálacha gaolmhara um cheartas i leith an aosa óig sna pobail lena mbaineann | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 143 | Sainaithint a dhéanamh ar réimsí a bhféadfaí JARC a leathnú iontu chun spriocdhíriú ar chiontóirí ilghníomhacha agus ar athchiontóirí<br>143.1 Struchtúr nua formhaoirseachta agus rialachais a bhunú le haghaidh bainistíocht ciontóirí chun cláir bhainistíochta ciontóirí a chomhordú agus a ailíniú, lena n-áirítear Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis (SORAM), JARC, Foréigean Baile, agus Príosúnaigh Ardriosca Chasta agus Príosúnaigh Phianbhreithe Saoil – R1<br>143.2 Meastóireacht a dhéanamh ar chúig cinn de thionscnaimh Aosach de chuid JARC sa bhliain 2021, ar meastóireacht í lena ndéanfar eolas do leathnú breise na gclár sin – R4<br>143.2 Meastóireacht a dhéanamh ar dhá threoirthionscadal Óige de chuid na Freagartha Comhghníomhaireachta i leith na hÓige (YJARC) d'fhonn pacáiste freagraí saincheaptha a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais atá ag cohóirt daoine óga agus a bpobail, rud a dhéanfaidh eolas do leathnú YJARC sa todhchaí – R4 | R1<br>R4<br>R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 144 | Freagairtí pobalbhunaithe a fhorbairt i gcomhar le geallsealbhóirí eile chun roghanna malartacha dearfacha a thabhairt do dhaoine óga a bhfuil spéis acu i rothair streachailte agus i gcuadrothair, ar roghanna iad a dtacóidh líonra Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile leo de réir mar is cuí<br>144.1 Obair i gcomhar le Ranna eile, lena n-áirítear an Roinn Iompair, chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngealltanas a tugadh i gClár an Rialtais go dtabharfaí reachtaíocht nua isteach sa réimse | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| **An Bord Parúil a chur ar bhonn reachtúil chun aird níos fearr a thabhairt ar na hábhair imní atá ag íospartaigh agus ag marthanóirí** | | | |
| 145 | Comhaltaí an Bhoird Pharúil reachtúil nua a roghnú agus a cheapadh | R2 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 146 | Príomhfheidhmeannach an Bhoird Pharúil reachtúil nua a cheapadh agus tús a chur le baill foirne a shannadh chuig an eagraíocht nua | R2 | Ceartas Coiriúil – Rialachas, Gnóthaí Corparáideacha |
| 147 | Áitreabh a aimsiú agus cumrú seirbhísí TFC agus seirbhísí riachtanacha eile a chomhordú don Bhord Parúil reachtúil | R2 | B&TF, Gnóthaí Corparáideacha |
| 148 | Breac-Scéim um Chúnamh Dlíthiúil agus na nósanna imeachta dlíthiúla a n-oibreoidh an comhlacht nua dá réir a dhréachtú | R2 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 149 | Tosach feidhme a thabhairt don reachtaíocht | R3 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **Rátaí athchiontaithe a laghdú dóibh sin a ciontaíodh i gcion** | | | |
| 150 | Athbhreithniú Beartais ar an mBeartas Córais Choiriúil a fhoilsiú, rud ina leagfar amach na gníomhartha atá le déanamh chun an ráta athchiontaithe a laghdú<br>150.1 Establish a Penal Policy Consultative Council to advise on penal policy | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 151 | Tús a chur le hathbhreithniú beartais chun pianbhreitheanna coimeádta ar lú iad ná 12 mhí ar fad a bhreithniú i gcomhairle le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an tSeirbhís Promhaidh | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 152 | Tús a chur le hathbhreithniú beartais ar an mBille um Cheartas Coiriúil (Smachtbhannaí Pobail), 2014, i gcomhairle leis an tSeirbhís Promhaidh agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, in éineacht le hathbhreithniú ar oibriú an Achta Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014<br>152.1 An tAthbhreithniú Beartais a fhoilsiú – R1<br>152.2 Scéim Ghinearálta atá Bailíochtaithe agus Athbhreithnithe a bheith comhaontaithe – R1<br>152.3 An Bille a fhoilsiú – R3 | | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 153 | Tascfhórsa a bhunú chun déileáil leis na dúshláin mheabhairshláinte agus andúile atá ag daoine atá ag idirghníomhú leis an gCóras Ceartais Choiriúil agus Measúnú a chur i gcrích ar Riachtanais Sláinte do phríosúnaigh<br>153.1 An Tascfhórsa a bhunú – R1<br>153.2 An t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a sholáthar – R3<br>153.3 Plean cur chun feidhme ardleibhéil deiridh a fhoilsiú – R4 | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 154 | – An Straitéis Fiontar Sóisialta agus Fostaíochta 2021-2023 a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar na roghanna fostaíochta do dhaoine a bhfuil ciontuithe acu. Díriú ar bhacainní a bhaint agus ar níos mó deiseanna a thabhairt do dhaoine a bhfuil ciontuithe acu páirt a ghlacadh i roghanna fiontar sóisialta agus i roghanna fostaíochta príomhshrutha araon, agus deiseanna fiontraíochta a sholáthar | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 155 | Tograí a fhoilsiú chun raon feidhme na reachtaíochta um chiontuithe caite a mhéadú chun an cohórt daoine ar féidir leo leas a bhaint as níos mó deiseanna fostaíochta a leathnú | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 156 | Taighde a choimisiúnú ar eispéireas an chiontóra i seirbhísí stáit i réimse na sláinte, an oideachais, na fostaíochta agus na tithíochta, agus ar idirghníomhaíocht an chiontóra leis na seirbhísí sin, chun léargas a thabhairt ar cháilíocht na beatha agus ar imeascadh isteach sa phobal | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 157 | Obair i gcomhar le saineolaithe tionscail chun bearta oiliúna agus uasoiliúna atá dírithe ar an bhfostaíocht a chinntiú, ar nithe iad a thairgtear ar fud gníomhaireachtaí ceartais choiriúil, atá freagrúil agus atá ailínithe leis na bearnaí scileanna sainaitheanta sa mhargadh saothair | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **An ceartas aisiríoch a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtach** | | | |
| 158 | An staid reatha sa cheartas aisiríoch a mhapáil | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 159 | Suíomh Gréasáin ceartais aisiríoch a ghníomhachtú | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 160 | Roghanna a fhorbairt le haghaidh sásra cuí agus próiseas cuí ar féidir leo feasacht agus fáil ar an gceartas aisiríoch a chruthú ag gach céim den chóras ceartais choiriúil, áit a mbeidh comhsheasmhacht seirbhíse ann lena gcinnteofar cáilíocht san oiliúint agus sa chleachtas | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 161 | Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le roghanna, agus páipéar beartais ar an rogha is cuí a thabhairt chun críche | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 162 | Tograí beartais a fhoilsiú | Q4 | Criminal Justice – Policy |
| **Reachtaíocht a fhoilsiú chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta** | | | |
| 163 | Formheas a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta de Bhille chun an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta a dhaingniú agus a chur chun feidhme<br>163.1 An Bille a dhréachtú agus a fhoilsiú – R3<br>163.2 An próiseas reachtach a chur i gcrích – R4 | R1 | Ceartas Coiriúil – Reachtaíocht |
| 164 | Tús áite a thabhairt do na hoibreacha caipitil riachtanacha ar phríosúin a shonraítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe chun a chinntiú go mbeidh fáil ar shaoráidí coinneála daonnachtúla a mbeidh toilleadh leordhóthanach acu | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| 165 | Na téarmaí tagartha a thabhairt chun críche le haghaidh athbhreithniú ar na feidhmeanna, na cumhachtaí, na nósanna imeachta ceapacháin agus na próisis tuairiscithe atá ann cheana le haghaidh Coistí Cuairte Príosúin | Leanúnach | Ceartas Coiriúil – Beartas |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **Stiúradh a dhéanamh ar an obair chun straitéisí agus gníomhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ciontú a laghdú agus chun comhleanúnachas méadaithe agus cuspóir comhroinnte a thabhairt isteach san earnáil ceartais choiriúil** | | | |
| 166 | An Straitéis don Earnáil Ceartais Choiriúil a thabhairt chun críche agus plean gníomhaíochta a chomhaontú, agus díriú á leagan ar fheabhas a chur ar cháilíocht idirghníomhaíochtaí an duine aonair leis an gcóras, ar mhoilleanna a laghdú, ar fheasacht agus tuiscint an phobail ar an gcóras a mhéadú, agus ar chóras atá níos báúla, níos tuisceanaí agus níos eolaí ó thaobh tráma de a sholáthar | R2 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 167 | A chinntiú gurb ailínithe agus comhtháiteach a bheidh na gníomhartha gaolmhara a leagtar amach i straitéisí ábhartha de chuid an Rialtais | R3 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 168 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Bainistíocht Ciontóirí trí theagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha trí bhíthin foghrúpa de chuid an Ghrúpa Rialachais agus Straitéise um Bainistíocht Ciontóirí, agus díriú ar leith á leagan ar fheabhas a chur ar struchtúir chomhoibríocha le haghaidh cláir bhainistíochta ciontóirí amhail JARC agus SORAM | R1 | Ceartas Coiriúil – Beartas |
| 169 | Cruinnithe ráithiúla a reáchtáil leis an bhfoghrúpa chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha agus chun é a bhrú chun cinn | R4 | Ceartas Coiriúil – Beartas |




# **Sprioc 4:** Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach

# Sprioc 4: Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach

Baineann Éire tairbhe eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha as éagsúlacht na ndaoine a thagann chuig an tír seo chun cuairt a thabhairt uirthi, chun staidéar a dhéanamh inti agus chun obair agus cónaí inti.

Tá méadú mór ag teacht go fóill ar an éileamh ar sheirbhísí inimirce na hÉireann. Bíonn lucht úsáide ár seirbhíse ag súil, agus an ceart acu, le próisis inimirce a bheith pearsantaithe, tráthúil agus sofhreagrach.

Thosaigh an Roinn ag aistriú ó phróisis pháipéarbhunaithe dlúthshaothair chuig seirbhísí inimirce túslíne atá éifeachtúil, láidir agus custaiméirlárnach, ar aon dul lenár mbeartas um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach.

Cruthaítear le teicneolaíochtaí digiteacha agus le meaisínfhoghlaim deiseanna nua chun ár samhlacha soláthair seirbhísí a athshamhlú, agus déantar an t-eispéireas úsáideora a fheabhsú do chách. Foilseoimid treochlár chun gach seirbhís inimirce a aistriú ar líne.

Mar aon lenár seirbhísí a dhéanamh níos éifeachtúla, déanfaimid iad níos sothuigthe freisin trínár bpróisis a shimpliú agus trí fhaisnéis a sholáthar i ngnáth-Bhéarla. Cuirfimid ár suíomhanna gréasáin ar fáil sna teangacha is mó úsáid i measc ár n-úsáideoirí seirbhíse freisin.

Tá an comhionannas agus an uilechuimsitheacht ina gcroí-threoirphrionsabail don Roinn seo i gcónaí de réir mar a oibrímid i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun freagairt do roinnt de na dúshláin imirce dhomhanda is mó, agus beartas fianaisebhunaithe agus reachtaíocht fhianaisebhunaithe á bhforbairt againn.

Trí straitéis fhadtéarmach imirce a fhorbairt, cumasófar dúinn treochtaí déimeagrafacha agus eacnamaíocha agus treochtaí ginearálta imirce a mheasúnú agus córas inimirce atá cóir agus cothromaithe a thógáil.

Chruthaigh Covid-19 riaráiste suntasach maidir le hiarratais saoránachta a phróiseáil freisin toisc nach rabhthas in ann searmanais ar shaoránacht a thionól, ar searmanais iad atá ina ngné dhearfach dár saol poiblí agus sibhialta anois.

Glanfaimid an riaráiste iarratas trí mhodhanna eile agus tabharfaimid searmanais saoránachta ar ais a luaithe is féidir. Is ócáidí suairce iad na searmanais sin saoránachta agus is gnách go bhfreastalaíonn na céadta daoine orthu. Tá rún daingean againn iad a atosú a luaithe a bheidh an phaindéim thart.

Chun dul chun cinn a dhéanamh sna trí bliana atá le teacht ar an sprioc sin a bhaint amach, shainaithníomar na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas sa Ráiteas Straitéise uainn:

1. Seirbhís inimirce atá lándigiteach agus custaiméirlárnach a fhorbairt
2. Cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht ár gcórais inimirce a mhéadú trí bheartais straitéiseacha nua agus trí thograí reachtacha nua
3. Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár n-úsáideoirí seirbhíse agus éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse sin a aithint agus a thuiscint agus tacú leo dul i dteagmháil go héifeachtach linn
4. Ár seirbhísí inimirce a athstruchtúrú chun gur féidir leo freastal ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír ar bhealach níos fearr
5. A chinntiú go bhfeidhmítear rialuithe éifeachtacha ag ár dteorainneacha, ag teacht leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá orainn, agus ár slándáil náisiúnta a chothabháil
6. Riaráistí próiseála a ghlanadh ar fud gach cineáil iarratais ar inimirce.

Leagtar amach sa chaibidil seo na 43 ghníomh mhionsonraithe ar sainaithníodh go rannchuideoidís le dul chun cinn suntasach a dhéanamh sa bhliain 2021 ar an sprioc sin a bhaint amach.

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **Seirbhís inimirce atá lándigiteach agus custaiméirlárnach a fhorbairt** | | | |
| 170 | Treochlár a fhoilsiú le haghaidh na seirbhísí inimirce uile a aistriú chuig próisis iarratais ar líne | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 171 | Straitéis dhigiteach don inimirce a fhoilsiú mar chuid de Straitéis TFC nua don Roinn Dlí agus Cirt | R1 | An Príomhoifigeach Faisnéise / Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 172 | Tús a chur le glacadh le híocaíochtaí ar líne as iarratais ar víosaí | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 173 | Athbhreithniú ar an treoir-réiteach scanacháin víosaí “LIDPRO” a chur i gcrích, agus bogadh ar aghaidh chuig cur chun feidhme na chéad chéime | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 174 | Ríomh-Ghrinnfhiosrúchán a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí difriúla iarratasóirí ar an tseirbhís inimirce, rud lena méadófar éifeachtúlacht an phróisis um iarratasóirí a ghrinnfhiosrú | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 175 | Córas sceidealúcháin choinní ar líne nua a thabhairt isteach do chustaiméirí a dteastaíonn coinní pearsanta uathu chun a gcónaitheacht in Éirinn a chlárú | R1 | An Príomhoifigeach Faisnéise / Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 176 | An córas coinní ar líne a leathnú chun sceidealú agallamh san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a chur ar áireamh | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| **Cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht ár gcórais inimirce a mhéadú trí bheartais straitéiseacha nua agus trí thograí reachtacha nua** | | | |
| 177 | Athbhreithniú ar an bpróiseas ó cheann go ceann a chur i gcrích le haghaidh an Phróisis um Chosaint Idirnáisiúnta. | R1 | B&TF |
| 178 | Leas a bhaint as an athbhreithniú ar an bpróiseas ó cheann go ceann chun próiseas athbhreithnithe a dhearadh le haghaidh iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta a phróiseáil | R2 | B&TF / Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 179 | Cur i gcrích a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar chur chun feidhme na moltaí uile eile a bhaineann leis an gCeartas a cuireadh ar áireamh sa tuarascáil ó Ghrúpa Comhairleach Catherine Day. Mar chuid den obair sin, déanfar moltaí a bhreithniú agus a chur chun feidhme, lena n-áireofar mionanailís beartais ar dheiseanna féideartha le bheith páirteach sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) agus réiteach ar chuntais bhainc a rochtain, de bhreis ar aon athruithe reachtacha a theastaíonn chun iarratais agus achomhairc a phróiseáil a threorú | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce / Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 180 | A fháil amach cé na ceanglais le haghaidh reachtaíocht nua agus leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana i réimse na hinimirce agus i réimse na cosanta idirnáisiúnta | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 181 | Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar scéim a bhfuil mar aidhm léi imircigh gan doiciméid a thabhairt chun rialtachta, agus freagraí ar chomhairliúchán á gcur san áireamh, agus an scéim a thabhairt chun críche lena foilsiú<br>181.1 Dréacht-tograí a thabhairt chun críche – R1<br>181.2 An Scéim a sheoladh – R3 | R3 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 182 | Tús a chur le glacadh le hiarratais faoin scéim um thabhairt chun rialtachta trí phróiseas iarratais ar líne atá áisiúil don chustaiméir a úsáid | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 183 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn chun sainaithint a dhéanamh ar aon bhearta a bhféadfadh go roghnódh Éire páirt a ghlacadh iontu san am i láthair agus san am atá le teacht nuair a bheidh an idirbheartaíocht ar Chomhaontú an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích | R2 | Ceartas Sibhialta – Beartas |
| 184 | Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht maidir le saoránacht, le hinimirce agus le cosaint idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna atá ann cheana | R4 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 185 | Reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche de réir mar is gá maidir le hinimirce agus le cosaint idirnáisiúnta | R4 | Ceartas Sibhialta – Reachtaíocht |
| 186 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chineálacha breise iarratais a d'fhéadfaí a aistriú chuig samhail réamh-imréitigh, rud lena dtabharfaí cinnteacht d'iarratasóirí roimh dóibh Éire a bhaint amach | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 187 | An Tarscaoileadh Víosa Gearrfhanachta agus an tIlvíosa cúig bliana a athbhreithniú agus iad a leathnú chuig tíortha breise | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 188 | Tionscnaimh leathana a fhorbairt agus gnóthachain éifeachtúlachta a shainaithint laistigh de Sheachadadh Seirbhísí Inimirce chun córas cóir éifeachtúil inimirce a chur ar aghaidh | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 189 | An tréimhse feithimh le haghaidh an margadh saothair a rochtain a laghdú ó naoi mí go sé mhí agus tréimhse bhailíochta an cheada um an margadh saothair a rochtain a mhéadú ó shé mhí go 12 mhí d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| **Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár n-úsáideoirí seirbhíse agus éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse sin a aithint agus a thuiscint agus tacú leo dul i dteagmháil go héifeachtach linn** | | | |
| 190 | Sásraí a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar shásamh custaiméirí. | R2 | B&TF |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 191 | Sásraí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ar shásamh custaiméirí | R2 | B&TF |
| 192 | Suíomh Gréasáin nua a fhoilsiú le haghaidh seirbhísí inimirce in Éirinn, áit a gcuirfear an t-inneachar ar fad ar fáil i dteanga shoiléir | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce / Trédhearcacht |
| 193 | An treoirfheidhm róbat comhrá a leathnú chun cur ar chumas níos mó custaiméirí freagraí a fháil lom láithreach ar cheisteanna a bhaineann leis an inimirce | R3 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 194 | Béarla Soiléir a chinntiú agus cur chun cinn a dhéanamh ar theanga shimplí shoiléir a úsáid ar fud gach comhéadain chustaiméara | R3 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce / Trédhearcacht |
| 195 | Ról an Fhóraim Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Inimirce a fhorbairt chun mór-shaincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí a shainaithint agus a réiteach | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| **Ár seirbhísí inimirce a athstruchtúrú chun gur féidir leo freastal ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír ar bhealach níos fearr** | | | |
| 196 | Samhail dearaidh sa tsochaí a thabhairt chun críche le haghaidh seirbhísí inimirce, agus plean cur chun feidhme trí chéim a thabhairt chun críche ina leith | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 197 | An t-aistriú chuig an tsamhail nua a thástáil trí aonad láraithe um sheirbhís do chustaiméirí a thabhairt isteach, agus é dírithe ar dhá réimse próiseála cáis ar dtús | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 198 | An treoirfheidhm láraithe seirbhíse do chustaiméirí a athbhreithniú, agus an sainchúram a mhéadú chun gach réimse den inimirce a chur ar áireamh | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 199 | An chéad chéim den aistriú chuig samhail nua a chur i gcrích | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 200 | Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail oibriúcháin an Aonaid Bhainistíochta Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun eolas a dhéanamh d'iarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí i Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí a bhaineann le feidhmeanna inimirce | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce / an Príomhoifigeach Faisnéise |
| 201 | Grúpa stiúrtha atá comhdhéanta d'ionadaithe ón nGarda Síochána agus ón Roinn Dlí agus Cirt a bhunú | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 202 | Tús a chur le treoir-aistriú na bhfeidhmeanna inimirce ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig an Roinn Dlí agus Cirt | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 203 | Treochlár a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú le haghaidh aistriú na bhfeidhmeanna inimirce uile chuig an Roinn | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **A chinntiú go bhfeidhmítear rialuithe éifeachtacha ag ár dteorainneacha, i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá orainn, agus ár slándáil náisiúnta a choimeád** | | | |
| 204 | Iomláine na rialuithe teorainn in Aerfort Bhaile Átha Cliath a chothabháil | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 205 | Leanúint le leas a bhaint as comh-Fhóram Comhlimistéir Thaistil na Roinne Dlí agus Cirt/na hOifige Gnóthaí Baile chun iomláine an Chomhlimistéir Thaistil a chothabháil | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 206 | Grúpa oibre atá comhdhéanta de bhaill foirne ó sheirbhísí inimirce agus ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce a fhorbairt chun bearnaí i mbeartais inimirce agus i nósanna imeachta inimirce a shainaithint | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 207 | Ról fheidhm na hoifige cáilíochta a mhéadú i seirbhísí inimirce, agus bord comhsheasmhachta cásanna a chur chun feidhme chun tacú le cinnteoireacht chomhsheasmhach | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 208 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas um inimircigh atá á gcoinneáil a choimeád i bpríosúin | R2 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| **Riaráistí próiseála a ghlanadh ar fud gach cineáil iarratais inimirce** | | | |
| 209 | Príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh gach réimse gnó den tseirbhís inimirce | R1 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 210 | Staitisticí a fhoilsiú dhá uair sa bhliain ar a laghad faoin líon iarratas arna bhfáil, faoin líon cásanna arna gcur i gcrích agus faoi na gnáth-agaí próiseála ar fud na réimsí uile den inimirce | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 211 | Laghduithe intomhaiste a bhaint amach in agaí próiseála cásanna ar fud na réimsí uile, agus díriú ar leith á leagan ar iarratais ar shaoránacht, ar chosaint idirnáisiúnta agus ar Chearta Chonradh an Aontais Eorpaigh | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 212 | Forbróidh an Oifig Cáilíochta bearta spriocdhírithe táirgiúlachta i gcomhar le haonaid ghnó chun rannchuidiú le riaráistí a dhíothú | R4 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |



# **Sprioc 5** Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

# **Sprioc 5:** Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

Beidh an borradh faoi nuálaíocht, faoi chlaochlú digiteach agus faoin ghníomhú ar son na haeráide ina spreagadh ríthábhachtach maidir leis na hathchóirithe móra atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo againn a dhéanamh.

Oibreoimid i gcomhar lenár gcuid gníomhaireachtaí chun an clár oibre um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach a ghlacadh ar fud gach réimse den earnáil cheartais. Beidh sé sin mar chroíthosaíocht don Roinn le linn an phlean trí bliana seo agus thar an gcéad deich mbliana eile.

Gné lárnach de gach a ndéanaimid is ea dea-thorthaí a bhaint amach don phobal, agus tá na cláir oibre um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach agus um nuachóiriú mar thaca faoi na spriocanna straitéiseacha uile atá againn.

Leanfaimid le hinfheistiú a dhéanamh i mBainistíocht Faisnéise agus i dTeicneolaíocht (BF&T) chun laghdú a dhéanamh ar an méid ama a chaitear ar pháipéarachas ar fud na hearnála agus chun feabhas a chur ar an eispéireas seirbhíse do chustaiméirí do gach duine a úsáideann ár seirbhísí.

Fágfaidh sé sin go mbeidh tuilleadh Gardaí ar patról agus ar an túslíne mar gheall ar an am a shábhálfar sa stáisiún. Soláthrófar teicneolaíocht cheannródaíoch don Gharda Síochána chun go mbeidh rochtain chianda ag Gardaí ar fhaisnéis shlán fíor-ama agus iad ar an stádar.

Fágfaidh sé go mbeidh Seirbhís Chúirteanna níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí againn; agus rochtain níos éasca, níos saoire agus níos tapúla á tabhairt ar an gceartas. Agus fágfaidh sé go mbeidh againn seirbhís inimirce a bheidh níos cuíchóirithe agus níos nua-aimseartha agus a fhreastalóidh ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Cinnteoimid go mbeidh córais comhtháite ar fud na hearnála ceartais, a fhágfaidh go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt go sábháilte agus go tapa idir gníomhaireachtaí agus go mbeidh daoine aonair agus gnólachtaí in ann comhlachtaí rialála a rochtain go héifeachtach.

Cuirfimid nuálaíocht agus sármhaitheas chun cinn ar fud na hearnála ceartais; tabharfaimid aitheantas don ardfheidhmíocht agus féachfaimid le cineálacha rathúla cur chuige a phríomhshruthú. Trí straitéisí nua ceannaireachta agus nuálaíochta, déanfaimid ceangal agus comhoibriú ar fud na hearnála ceartais chun nuálaíochtaí rathúla a leathnú, chun acmhainneacht ceannaireachta a fhorbairt, chun dea-smaointe a phríomhshruthú agus chun córais thacúla mheastóireachta agus dearbhaithe cáilíochta a chinntiú.

Saindúshlán ár linne is ea an cur isteach ar an aeráid. Déanfaimid gníomhartha agus gníomhaíochtaí na hearnála ceartais a ailíniú go hiomlán leis an uaillmhian aeráide atá i gclár an rialtais.

Tá gníomhaireachtaí earnála ceartais, an Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna san áireamh, i measc na ngníomhaireachtaí is infheicthe earnála poiblí sa Stát agus tá láithreacht láidir infheicthe acu inár bpobail. Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ag gníomhaireachtaí eile ceartais freisin.

Trí laghdú a dhéanamh ár an spleáchas ar charbón agus trí bheartais um

ghníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i réimsí amhail bainistíocht flíteanna agus eastát, soláthar poiblí glas agus éifeachtúlacht fuinnimh, ní hé amháin go dtabharfaidh na gníomhaireachtaí sin ceannaireacht le dea-shampla san iarracht a dhéanfar ar fud shochaí na hÉireann ár ngealltanais athraithe aeráide a chomhlíonadh, ach tabharfaidh siad spreagadh do dhaoine eile freisin cleachtais a ghlacadh lena n-íoslaghdófar a dtionchar ar an gcomhshaol agus lena n-uasmhéadófar an tairbhe don phobal. Scrúdóimid freisin an tionchar atá againn mar eagraíochtaí agus mar dhaoine aonair ar an gclár oibre um athrú aeráide agus déanfaimid gníomhartha ceartaitheacha chun ár lorg carbóin a laghdú agus chun bheith glas ar fud na hearnála.

Beidh sé chuspóir straitéiseacha mar threoir dár gcuid oibre sa réimse seo sna trí bliana atá le teacht:

1. Méadú mór a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha ar fud na hearnála ceartais chun tacú le nuachóiriú an Gharda Síochána, na Seirbhíse Cúirteanna agus na Roinne Dlí agusCirt féin, lena n-áirítear ár seirbhísí inimirce
2. Córais dhigiteacha teachtaireachtaí a chomhtháthú ar fud na hearnála ceartais chun comhroinnt mhéadaithe faisnéise agus comhar méadaithe a éascú
3. Pleananna agus beartais – lena n-áirítear i réimse na bainistíochta flíteanna feithiclí agus eastát – a chur chun feidhme ar fud na hearnála chun tacú le spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach
4. Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh, díriú a leagan ar inbhuanaitheacht, ar réitigh dhigiteacha agus ar laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin
5. A chinntiú go mbeidh an t-úsáideoir i gcroílár gach seirbhíse a fhorbraímid ar fud na hearnála ceartais
6. Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt don earnáil cheartais

Leagtar amach sa chaibidil seo na 28 ngníomh nithiúla a chuirfear i gcrích sa bhliain 2021 chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na cuspóirí sin a bhaint amach.



| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| **Méadú mór a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha ar fud na hearnála ceartais chun tacú le nuachóiriú an Gharda Síochána, na Seirbhíse Cúirteanna agus na Roinne Dlí agus Cirt féin, lena n-áirítear ár seirbhísí inimirce** | | | |
| 213 | Nua-aoisiú na gcúirteanna: tacaíocht chuí agus dúshlán cuí a thabhairt don tSeirbhís Chúirteanna de réir mar a chuireann sí a clár nua-aoisithe i gcrích ar aon dul le digitiú na hearnála ceartais choiriúil chun idir-inoibritheacht córas agus comhleanúnachas a chinntiú do gach duine a idirghníomhaíonn ar fud na hearnála ceartais | R2 | Rialachas Sibhialta agus Gnóthaí Corparáideacha |
| 214 | Timpeallacht nua-aimseartha forbartha córas a chur i bhfeidhm, ar timpeallacht í ar féidir léi tacú le córais chasta bhainistíochta cásanna | R3 | B&TF |
| 215 | Ardán 'cóid ísil' a chur chun feidhme chun tacú le córais sreafa oibre shimplí (agus tosú ar an aistriú amach ónár gcórais oidhreachta) | Leanúnach | B&TF |
| 216 | Athléimneacht ár soláthair sheirbhíse digití a mhéadú trínár n-athshlánú ó thubaiste a bhreisiú | R4 | B&TF |
| 217 | Leanúint le tacú le cianobair agus le fleisc-am | Leanúnach | B&TF |
| 218 | Tús a chur le 'droichead' a thógáil idir an Roinn agus an Néal, rud lena gcruthófar an fhéidearthacht go mbainfí úsáid as acmhainní Néalríomhaireachta | R2 | B&TF |
| 219 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna gnó TFC arna gcur isteach ag an nGarda Síochána agus iad a chur faoi bhráid an Aonaid um Fhormhaoirseacht ar Rialachas Digiteach le haghaidh ceadú | R4 | Ceartas Coiriúil – Rialachas |
| **Córais dhigiteacha a chomhtháthú ar fud na hearnála ceartais chun comhroinnt mhéadaithe faisnéise agus comhar méadaithe a éascú** | | | |
| 220 | Plean trí bliana a fhorbairt le haghaidh an Mol Oibríochtúil Ceartais Choiriúil a mhéadú, rud lena n-éascófar uathoibriú an mhalartaithe faisnéise idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus rochtain ar léargais atá bunaithe ar shonraí chun tacú le forbairt beartais | R2 | B&TF |
| 221 | Tionscadail nua a sholáthar ar a laghad chun uathoibriú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le sceidil chúirte, le torthaí cúirte agus le cúisimh choiriúla a mhalartú idir an tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Promhaidh | R4 | B&TF |
| **Pleananna agus beartais – lena n-áirítear i réimse na bainistíochta flíteanna feithiclí agus eastát – a chur chun feidhme ar fud na hearnála chun tacú le spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach** | | | |
| 222 | Plean Gníomhaíochta a fhorbairt chun deimhniú ISO50001 a chur chun feidhme don Roinn | R1 | Gnóthaí Corparáideacha |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 223 | Ráiteas Beartais Aeráide don earnáil Ceartais a fhoilsiú, rud ina leagfar amach conas a chomhlíonfaidh an earnáil ceartais na spriocanna uaillmhianacha aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh atá aici, lena n-áirítear trí sholáthar poiblí glas a ghlacadh | R4 | Gnóthaí Corparáideacha |
| 224 | Úsáid fuinnimh a bhainistiú go gníomhach trí fhaireachán leanúnach, agus cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéisí um úsáid fuinnimh a laghdú | R4 | Seirbhísí Corparáideacha, Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh agus Bainisteoirí Fuinnimh |
| **Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh, fócas a leagan ar an inbhuanaitheacht, ar réitigh dhigiteacha agus ar laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin** | | | |
| 225 | Uirlisí diagnóiseacha seirbhíse a fhorbairt chun tosaíochtaí a dhéanamh amach | R2 | B&TF |
| 226 | Pleanáil le haghaidh próisis/seirbhísí oiriúnacha laistigh de Sheachadadh Seirbhísí Inimirce a aistriú ó chórais pháipéarbhunaithe chuig córais lándigiteacha | R3 | Seachadadh Seirbhísí Inimirce |
| 227 | Pleanáil Gníomhaíochta Éifeachtúlachta Acmhainní a dhéanamh le haghaidh gach foirgnimh Cheartais | R3 | Gnóthaí Corparáideacha |
| 228 | Taifead a dhéanamh den charbón arna ghiniúint ag gach eitilt oifigiúil; cúitimh charbóin a cheannach agus na torthaí a fhoilsiú | R1 | Gnóthaí Corparáideacha |
| 229 | Réitigh dhigiteacha a fhorbairt lena gcabhraítear le riachtanais phriontála agus stórála páipéir a laghdú | R4 | Gnóthaí Corparáideacha, B&TF |
| 230 | Breithniú a dhéanamh ar chritéir inbhuanaitheachta a chur leis an meastóireacht ar thairiscintí le haghaidh earraí agus seirbhísí nuair is cuí | R2 | Gnóthaí Corparáideacha, B&TF |
| **A chinntiú go mbeidh an t-úsáideoir i gcroílár gach seirbhíse a fhorbraímid ar fud na hearnála ceartais** | | | |
| 231 | Ár gcumas bainistíochta tionscadail a fhorbairt, agus leanúint le meon bainistíochta tionscadail agus cur chuige láidir a leabú ar fud na heagraíochta i leith beartú tosaíochta punann<br>231. 1 Uirlis thiomnaithe a bheith i bhfeidhm chun tacú le bainistiú agus tuairisciú éifeachtach a dhéanamh ar phunanna.<br>231. 2 Modheolaíocht chomhaontaithe um roghnú tionscadal agus beartú tosaíochta tionscadal a bheith i bhfeidhm<br>231. 3 Formhaoirseacht mhíosúil ón lucht bainistíochta ar dhul chun cinn, rioscaí, acmhainní agus torthaí na dtionscadal. | R3 | B&TF |

| | CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHARTHA 2021 | RÁITHE | CEANNASAÍ |
|---|---|---|---|
| 232 | An Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt agus a fhoilsiú | R3 | B&TF |
| 233 | Cur chuige úsáideoir-lárnach a ghlacadh i leith tairiscintí nua seirbhíse digití a dhearadh, lena n-áirítear úsáid a bhaint as fréamhshamhaltú agus as aiseolas ó úsáideoirí. Úsáid a bhaint as dearcadh Dearadh Seirbhíse chun próisis stáitse tosaigh agus cúil a bhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athruithe ar chustaiméirí agus ar fhostaithe | R4 | B&TF |
| 234 | Sásraí gearáin agus aiseolais a sholáthar do chustaiméirí, lena n-áirítear maidir le seirbhísí digiteacha, chun deiseanna feabhsaithe dearaidh a shainaithint | R3 | B&TF |
| 235 | Leanúint le líonraí trasghníomhaireachta a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht, le comhroinnt smaointe, le comhroinnt na gceachtanna arna bhfoghlaim agus leis an dea-chleachtas. | R1 | B&TF |
| 236 | Leanúint le táscairí a fhorbairt ar fud na hearnála ceartais, rud lena ndíreofar ar thorthaí ár n-idirghabhálacha beartais | R3 | Gnóthaí Corparáideacha |
| **Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt don earnáil ceartais** | | | |
| 237 | Iniúchadh bonnlíne ar nuálaíocht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt a dhéanamh trí Scórchlár Nuálaíochta na hEarnála Poiblí a úsáid | R1 | B&TF |
| 238 | Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí a athbhreithniú agus anailís ar bhearnaí a dhéanamh tríd an iniúchadh bonnlíne a bhreithniú, rud lena gcinnteofar ailíniú le Straitéis BF&T | R2 | B&TF |
| 239 | Straitéis Nuálaíochta don earnáil ceartais a fhorbairt agus a fhoilsiú | R3 | B&TF |
| 240 | Infheistiú i dtionscnaimh lena dtacaítear le ceannaireacht, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach san earnáil ceartais<br>240.1 Straitéis Acmhainní Daonna athbhreithnithe a fhoilsiú don Roinn<br>240.2 Dul i gceannas ar chur chun feidhme na mbeart éagsúlachta arna sainaithint faoi Ghníomh 16 de ‘Ár Seirbhís Phoiblí 2020’<br>240.3 Tacú le tionscnaimh éagsúlachta agus faireachán a dhéanamh orthu mar phríomhchuid de rialachas gníomhaireachtaí | R3 | Gnóthaí Corparáideacha<br>Ceartas Sibhialta agus Coiriúil – Rialachas |


TY 323
TY 213

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice